Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2025**
**(OR. fr)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0202 (NLE)**

**11271/25**
**ADD 1**

**PECHE 201**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 370 final ANNEXES 1 to 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach |

Les délégations trouveront ci-joint le document COM(2025) 370 final ANNEXES 1 to 2.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.7.2025
COM(2025) 370 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach**

**IARSCRÍBHINN I**
**PRÓTACAL MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN CHOMHAONTAITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA IASCAIGH IDIR POBLACHT DHAONLATHACH SÃO TOMÉ AGUS PRÍNCIPE AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH**

*DE BHRÍ dlúthchomhar a bheith ann idir na Páirtithe, go háirithe i gcomhthéacs an chaidrimh idir Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (Eagraíocht na Stát ACC) agus an tAontas, agus gur mian leo araon an caidreamh sin a threisiú,*

*AG FÉACHAINT DON Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach,*

*Comhaontaíonn na Páirtithe sa Phrótacal seo mar a leanas:*

*Airteagal 1)*
*Sainmhínithe is infheidhme maidir leis an bPrótacal seo*

Chun críocha an Phrótacail seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 2 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach[1], dá ngairtear feasta 'na Páirtithe' le chéile. Ina theannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

ciallaíonn 'Comhaontú': Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach;

ciallaíonn 'Comhaontú Shamó' an Comhaontú Comhpháirtíochta idir Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile;[2]

ciallaíonn 'Údaráis an Aontais' an Coimisiún Eorpach, i gcás inarb iomchuí trí Thoscaireacht an Aontais atá freagrach as São Tomé agus Príncipe, téarma atá coibhéiseach leis an téarma 'údaráis Chomhphobail' mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Chomhaontú;

ciallaíonn 'Údaráis São Tomé agus Príncipe' an aireacht atá freagrach as an iascach;

ciallaíonn 'tacaíocht earnála' tacaíocht airgeadais ón Aontas chun beartas earnála iascaigh agus dobharshaothraithe São Tomé agus Príncipe a chur chun feidhme;

ciallaíonn 'gabhálacha' speicis uisceacha mhuirí a ghabhtar le trealamh iascaireachta a úsáideann soitheach iascaireachta;

ciallaíonn 'tabhairt i dtír' aon chainníocht táirgí iascaigh a dhíluchtú ar tír ó shoitheach iascaireachta;

ciallaíonn 'toscaireacht' Toscaireacht an Aontais atá freagrach as São Tomé agus Príncipe;

ciallaíonn 'feistí comhthiomsaithe éisc' nithe saorga nó nádúrtha ar an dromchla a mealltar speicis éagsúla fúthu, rud a mhéadaíonn inghabhálacht na speiceas sin;

ciallaíonn 'reachtaíocht São Tomé agus Príncipe' reachtaíocht maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta São Tomé agus Príncipe;

ciallaíonn 'Údarú iascaireachta' údarú riaracháin arna eisiúint ag údaráis São Tomé agus Príncipe d'oibreoir le haghaidh soitheach de chuid an Aontais lena dtugtar an ceart dó oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe ar feadh tréimhse

[1] IO L 205, 7.8.2007, lgh. 36 ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2007/894/oj
[2] IO L 2862, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj

shonraithe; téarmaí atá coibhéiseach leis an téarma 'cead iascaireachta' mar a shainmhínítear i reachtaíocht São Tomé agus Príncipe;

ciallaíonn 'soitheach de chuid an Aontais' soitheach iascaireachta faoi bhratach Bhallstáit den Aontas agus atá cláraithe san Aontas;

ciallaíonn 'soitheach tacaíochta' soitheach, seachas árthach a iompraítear ar bord, nach bhfuil trealamh iascaireachta oibríochtúil atá ceaptha chun éisc a ghabháil nó a mhealladh feistithe air agus a éascaíonn nó a ullmhaíonn oibríochtaí iascaireachta nó a chuidíonn leis na hoibríochtaí sin;

ciallaíonn 'breathnóir' aon duine atá údaraithe ag údarás náisiúnta atá freagrach as breathnú a dhéanamh, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn, ar chur chun feidhme na rialacha is infheidhme maidir le hoibríochtaí iascaireachta, nó as breathnú a dhéanamh ar oibríochtaí den sórt sin chun críoch eolaíoch.

ciallaíonn 'oibreoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a oibríonn nó a shealbhaíonn aon ghnóthas atá ag tabhairt faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí a bhaineann le haon chéim de na slabhraí táirgthe, próiseála, margaíochta, dáilte agus miondíola ar tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe;

ciallaíonn 'oibríocht iascaireachta' aon ghníomhaíocht a dhéantar i dtaca le cuardach éisc, le lámhach, tarraingt agus tarlú trealamh gníomhach, le socrú, maothú, baint nó athshocrú trealamh éighníomhach agus le haon ghabháil a bhaint as an trealamh, as na rí-eangacha nó as an gcaighean iompair agus a aistriú chuig caighin ramhraithe agus feirmeoireachta;

ciallaíonn 'iascach inbhuanaithe' an iascaireacht atá i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar síos leis an gCód Iompair le haghaidh Iascach Freagrach a glacadh ag Comhdháil Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) in 1995;

ciallaíonn 'iascaire' aon duine atá fostaithe nó atá ag gabháil do ghníomhaíocht ghairmiúil in aon cháil ar bord soithigh iascaireachta, lena n-áirítear daoine atá ag obair ar bord mar scair-iascairí, cé is moite de phíolótaí, de chriúnna cabhlaigh cogaidh, de dhaoine eile i mbuanseirbhís an rialtais, de dhaoine ar talamh atá freagrach as obair a dhéanamh ar bord soithigh iascaireachta agus de bhreathnóirí iascaigh. Tuigfear gur iascairí de réir bhrí an tsainmhínithe seo maraithe ACC mar a shainmhínítear sa Chomhaontú;

ciallaíonn 'deiseanna iascaireachta' teidlíocht dhlíthiúil chainníochtaithe iascaireachta a léirítear i dtéarmaí gabhálacha nó iarracht iascaireachta;

ciallaíonn 'Prótacal' an Prótacal seo lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú, chomh maith leis an Iarscríbhinn agus na Foscríbhinní a ghabhann leis;

ciallaíonn 'São Tomé agus Príncipe' Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe;

ciallaíonn 'ábhar muirí aischurtha' gabhálacha nach gcoimeádtar ar bord;

ciallaíonn 'trasloingsiú' aistriú aon chainníochta éisc a choinnítear ar bord soithigh go díreach chuig soitheach eile gan beann ar áit a dhéantar é sin, gan taifead a bheith ann gur tugadh an t-iasc i dtír;

ciallaíonn 'an tAontas' an tAontas Eorpach, a thagann in ionad an Chomhphobail Eorpaigh agus a thagann i gcomharbas air.

*Airteagal 2)*
*Cuspóir*

Is é is cuspóir don Phrótacal seo an Comhaontú a chur chun feidhme trí na coinníollacha lena rialaítear rochtain soithí de chuid an Aontais ar limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe a leagan amach go háirithe chomh maith leis na forálacha maidir le comhpháirtíocht iascaigh inbhuanaithe.

*Airteagal 3)*
*Gaol idir an Prótacal seo agus an Comhaontú*

Déanfar an Prótacal seo a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an Chomhaontaithe agus ar bhealach atá comhoiriúnach leis.

*Airteagal 4)*
*Prionsabail*

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin iascaireacht fhreagrach a chur chun cinn i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe ar bhonn phrionsabal an neamh-idirdhealaithe. Gabhann São Tomé agus Príncipe air féin na bearta teicniúla agus caomhnúcháin céanna a chur i bhfeidhm maidir le gach cabhlach tuinníní tionsclaíoch eachtrach a oibríonn ina limistéar iascaireachta d'fhonn cur le rialachas cuí iascaigh.

2. Gabhann na Páirtithe orthu féin a áirithiú go ndéanfar an Prótacal seo a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Chomhaontú Shamó.

3. Gabhann siad orthu féin forbairt inbhuanaithe agus bainistiú fónta acmhainní nádúrtha a chur chun cinn. Féachfaidh siad le cruthú breisluacha in São Tomé agus Príncipe a spreagadh trí thionscail in earnáil an iascaigh inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

4. Gabhann na Páirtithe orthu féin faisnéis a chur ar fáil go poiblí agus a mhalartú maidir le haon chomhaontú lena gceadaítear rochtain do shoithí eachtracha ar a limistéar iascaireachta agus maidir leis an iarracht iascaireachta a eascraíonn as sin, leis an líon údaruithe a eisíodh agus leis na gabhálacha a rinneadh.

5. I ndáil le stoic éisc traslimistéir nó mhórimirceacha, tabharfaidh na Páirtithe aird chuí ar mheasúnuithe eolaíocha a dhéantar ar an leibhéal réigiúnach, agus ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag eagraíochtaí inniúla réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna), chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na hacmhainní a mbeidh rochtain orthu.

6. Níor cheart téarmaí agus coinníollacha fostaíochta iascairí ar bord soithí de chuid an Aontais a bheith contrártha do na hionstraimí is infheidhme maidir le hiascairí de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), go háirithe Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair (1998), arna leasú in 2022, agus Coinbhinsiún Uimh. 188 ó EIS maidir le hObair san Iascaireacht. Áirítear leis sin urraim don tsaoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtach do cheart na n-oibrithe chun cómhargála, deireadh a chur le saothair éignithe agus saothar leanaí, deireadh a chur le hidirdhealú i ndáil le fostaíocht agus slí bheatha, chomh maith le timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil agus dálaí cuibhiúla maireachtála agus oibre ar bord soithí iascaireachta de chuid an Aontais.

7. Gabhann na Páirtithe orthu féin daingniú choinbhinsiúin EIS agus IMO is infheidhme maidir le hiascairí a chur chun cinn. Gabhann siad orthu féin freisin oiliúint

leordhóthanach ar iascairí a chur chun cinn, go háirithe an oiliúint dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta IMO maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta (Coinbhinsiún STCW-F).

8. I gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú, ní fhéadfaidh soithí de chuid an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe ach amháin má tá údarú iascaireachta acu arna eisiúint faoin bPrótacal seo agus de réir na socruithe a dtugtar tuairisc orthu san Iarscríbhinn a ghabhann leis.

9. Ní eiseoidh údaráis São Tomé agus Príncipe údaruithe iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais ach faoin bPrótacal seo amháin. Beidh toirmeasc ar aon údarú iascaireachta a eisiúint do shoithí de chuid an Aontais lasmuigh de raon feidhme an Phrótacail seo, go háirithe i bhfoirm údarú iascaireachta spriocdhírithe.

10. Déanfar an Prótacal seo a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na gníomhartha seo a leanas agus ar bhealach atá comhoiriúnach leo:

   – na moltaí agus na rúin ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA) nó ó eagraíochtaí réigiúnacha iascaigh ábhartha eile, amhail an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CIATL);

   – Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Stoic Éisc 1995;

   – an Cód Iompair le haghaidh Iascach Freagrach ó FAO 1995;

   – an Comhaontú faoi Bhearta Stát an Chalafoirt ó FAO 2009;

   – na Treoracha Deonacha chun Inbhuanaitheacht na hIascaireachta ar Mionscála a Áirithiú i gComhthéacs na Slándála Bia agus Dhíothú na Bochtaineachta ó FAO, a foilsíodh in 2015.

*Airteagal 5)*

*Tréimhse cur i bhfeidhm agus rochtain shoithí an Aontais ar limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe*

1. Ar feadh tréimhse ceithre (4) bliana, ó dháta thús an chur i bhfeidhm shealadaigh, údaróidh São Tomé agus Príncipe do shoithí de chuid an Aontais rochtain a bheith acu ar a limistéar iascaireachta faoi Airteagal 5 den Chomhaontú, chun speicis mhórimirceacha a ghabháil (speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 1982, go háirithe tuinníní, colgáin agus siorcanna bána aigéanacha), cé is moite de speicis atá faoi chosaint nó toirmiscthe ag CICTA.

2. Beidh an t-uasmhéid seo a leanas de shoithigh in ann rochtain a fháil ar an limistéar iascaireachta:

– 26 bhád saighne tuinníní

– 9 mbád spiléireachta dromchla

Na soithí sin, mar aon leis na soithí tacaíochta, údarófar iad faoi na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn agus i gcomhréir leis na rúin agus moltaí ábhartha ó CICTA.

3. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 thíos faoi réir fhorálacha Airteagail 9 agus 10 den Phrótacal seo.

*Airteagal 6)*
*Ranníocaíocht airgeadais – modhanna íocaíochta*

1. Is é EUR 3 300 000 a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 7 den Chomhaontú le haghaidh na tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 5 den Phrótacal seo.

2. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais:

(a) méid bliantúil EUR 325 000 le haghaidh rochtain ar limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, méid atá coibhéiseach le tonnáiste tagartha 6 500 tona in aghaidh na bliana; agus

(b) méid sonrach EUR 500 000 in aghaidh na bliana chun tacú le beartas iascaigh earnála São Tomé agus Príncipe agus chun é a chur chun feidhme.

3. Ina theannta sin, íocfaidh oibreoirí ranníocaíocht airgeadais bhliantúil chun rochtain a thabhairt dá soithí ar limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe i gcomhréir le forálacha Chaibidil II den Iarscríbhinn.

4. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 thíos faoi réir fhorálacha Airteagail 7, 9, 10, 12 agus 18 den Phrótacal seo agus Airteagail 12 agus 13 den Chomhaontú.

5. Má sháraíonn cainníocht bhliantúil na ngabhálacha de gach speiceas le chéile arna ngabháil ag soithí de chuid an Aontais in uiscí São Tomé agus Príncipe an tonnáiste tagartha bliantúil dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), déanfar íocaíocht EUR 50 in aghaidh gach tona breise a ghabhfar.

6. Déanfar an íocaíocht as na gabhálacha breise tar éis do na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir leis na ráitis deiridh dá bhforáiltear i Roinn 2 de Chaibidil II den Iarscríbhinn. Mar sin féin, i gcás ina sáróidh na cainníochtaí a ghabhfaidh soithí Eorpacha dhá oiread an tonnáiste tagartha bhliantúil, tabharfar an méid a bheidh dlite i leith gabhálacha a sháraíonn an tairseach sin ar aghaidh bliain amháin.

7. Déanfar an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear le mír 2, pointe (a) a íoc tráth nach déanaí ná nócha (90) lá tar éis dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail don chéad bhliain agus tráth nach déanaí ná dáta comórtha an Phrótacail do na blianta ina dhiaidh sin.

8. Beidh lánrogha ag údaráis São Tomé agus Príncipe maidir leis an gcaoi a n-úsáidfear an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear i mír 2, pointe (a) i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais.

9. Íocfar an ranníocaíocht airgeadais isteach sna cuntais phoiblí mar seo a leanas: íocfar an ranníocaíocht dá bhforáiltear i mír 2, pointe (a) isteach i gcuntas de chuid an Státchiste Phoiblí i mBanc Ceannais São Tomé agus Príncipe; íocfar na ranníocaíochtaí dá bhforáiltear i mír 2, pointe (b) agus i mír 5 isteach i gcuntas an Chiste Forbraíochta Iascaigh agus cuirfear isteach sa bhuiséad náisiúnta iad.

10. Cuirfidh údaráis São Tomé agus Príncipe mionsonraí na gcuntas bainc sin in iúl don Aontas gach bliain.

11. Má mhainníonn São Tomé agus Príncipe an clár tacaíochta earnála a chur chun feidhme i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos, agus mura dtagann an Comhchoiste ar chomhaontú maidir le comhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún Eorpach ansin an chuid gan údar den ranníocaíocht airgeadais a aisghabháil, trí fhorálacha Fhoscríbhinn 7 a ghabhann leis an bPrótacal seo a chur i bhfeidhm.

12. Soláthróidh São Tomé agus Príncipe gach cúnamh is gá chun cistí a shainaithint agus a aisíoc.

*Airteagal 7)*
*Tacaíocht earnála*

1. Rannchuideoidh an tacaíocht earnála le cur chun feidhme na straitéise náisiúnta iascaigh agus le forbairt an gheilleagair mhuirí. Is é is aidhm di tacú le bainistiú inbhuanaithe acmhainne iascaigh agus le forbairt inbhuanaithe na hearnála. Saineofar clár tacaíochta earnála faoin bPrótacal seo, lena gcuimseofar, go háirithe, gníomhaíochtaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

– tacú le hacmhainneachtaí chun faireachán, rialú agus faireachas a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, bearta chun sáruithe iascaireachta NNN a dhíspreagadh agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith;

– an mheastóireacht eolaíoch ar acmhainn iascaigh São Tomé agus Príncipe agus bearta bainistíochta bunaithe ar chomhairle eolaíoch,

– tacaíocht chun feabhas a chur ar shlabhraí luacha táirgí iascaigh, lena n-áirítear tacaíocht do phobail iascaireachta trí chabhair fostaíochta agus gairmoiliúint, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná agus ar dhaoine óga;

2. Tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú, laistigh den Chomhchoiste dá bhforáiltear in Airteagal 9 den Chomhaontú, tráth nach déanaí ná trí (3) mhí tar éis thús chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo, maidir leis an gclár tacaíochta earnála ilbhliantúil, agus lena chur chun feidhme, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) na treoirlínte ar dá réir a bhainfear úsáid as an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 2, pointe (b);

(b) na cuspóirí atá le baint amach chun rannchuidiú le hiascaireacht inbhuanaithe agus fhreagrach, agus straitéis náisiúnta an bheartais iascaigh náisiúnta á cur chun feidhme;

(c) na critéir agus na nósanna imeachta atá le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar na torthaí a fhaightear, ar bhonn bliantúil, agus ar na coinníollacha faoina ndéantar íocaíochtaí (treoirlínte).

3. Beidh an clár tacaíochta earnála ilbhliantúil sin ina ábhar comhairliúchán le páirtithe leasmhara in São Tomé agus Príncipe agus poibleofar é.

4. Tarraingeofar suas doiciméad don chlár tacaíochta earnála bliantúil freisin, ina gcuirfear i láthair gach bliain na tionscadail nó na gníomhaíochtaí, go háirithe na nithe seo a leanas:

   (a) na riachtanais a bhfuil sé beartaithe go bhfreastalóidh na tionscadail nó na gníomhaíochtaí sin orthu;

   (b) na cuspóirí;

   (c) na torthaí a bhfuil coinne leo agus na táscairí intomhaiste;

   (d) na meastacháin chostais.

5. Áiritheoidh na Páirtithe infheictheacht na ngníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an tacaíocht earnála agus infheictheacht rannpháirtíocht an Aontais sa chomhpháirtíocht le São Tomé agus Príncipe. Tá an infheictheacht sin ar cheann de na cuspóirí a luaitear i mír 4.

6. Ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach roimh ré maidir le modhnuithe ar na cuspóirí agus ar na gníomhaíochtaí atá sa chlár tacaíochta earnála bliantúil nó ilbhliantúil. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach agóid, féadfar an t-ábhar a tharchur chuig an gComhchoiste lena chomhaontú idir na Páirtithe maidir leis na modhnuithe.

7. Gach bliain, cuirfidh São Tomé agus Príncipe tuarascáil i scríbhinn maidir le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an chláir tacaíochta earnála bhliantúil agus tuairisc ar chur chun feidhme airgeadais faoi bhráid an Chomhchoiste, agus déanfaidh an Comhchoiste measúnú ar thorthaí chur chun feidhme an chláir.

8. Déanfaidh na Páirtithe measúnú ar thorthaí chur chun feidhme an chláir tacaíochta earnála bhliantúil ar bhonn na tuarascála i scríbhinn sin. I gcás ina léireofar sa mheastóireacht nach bhfuil baint amach na gcuspóirí i gcomhréir leis an gclársceidealú nó má mheasann an Comhchoiste nach leor an cur chun feidhme, féadfar íocaíocht na ranníocaíochta a athbhreithniú nó a chur ar fionraí.

9. Íocfar an ranníocaíocht airgeadais sin arís tar éis comhairliúchán agus comhaontú idir an dá Pháirtí, a luaithe a mheasfaidh an Comhchoiste go bhfuil dul chun cinn sa chur chun feidhme sásúil, trí mhalartú litreacha i gcás inarb iomchuí. Mar sin féin, ní íocfar amach an ranníocaíocht airgeadais shonrach dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 2, pointe (b) tar éis tréimhse sé mhí (6) tar éis dhul in éag an Phrótacail seo.

10. Comhaontaíonn na Páirtithe treoirlínte a bhunú maidir le socruithe chun tacaíocht earnála a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh uirthi. Déanfar na treoirlínte sin a bhailíochtú le linn an chéad Chomhchoiste agus déanfar iad a athbhreithniú de réir mar is gá.

11. Féadfaidh comhlachtaí iniúchóireachta agus rialaithe gach Páirtí, lena n-áirítear Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, iniúchtaí agus maoirseacht a dhéanamh ar úsáid chistí na ranníocaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 2, pointe (b). Áirítear leis sin an ceart rochtana ar fhaisnéis, doiciméid, suíomhanna agus saoráidí is tairbhithe.

12. Tar éis don Chomhchoiste íocaíocht tráthchoda den tacaíocht earnála agus an tuarascáil dá bhforáiltear i mír 7 a fhormheas, lena n-údaraítear íocaíocht na chéad tráthchoda eile, agus ar choinníoll go bhfuil iomlán shonraí an chuntais bainc atá le húsáid aige, déanfaidh an tAontas an íocaíocht laistigh de 30 lá ón gcinneadh sin ón gComhchoiste.

*Airteagal 8)*
*Comhar eolaíoch teicniúil ar mhaithe leis an iascach freagrach*

1. Tabharfaidh an tAontas agus São Tomé agus Príncipe faoi chomhar eolaíoch agus teicniúil i gcomhréir leis na prionsabail agus na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 den Chomhaontú.

2. Gabhann na Páirtithe orthu féin comhar a chur chun cinn maidir le hiascaireacht fhreagrach, agus áirítear leis sin trí ghníomhaíochtaí atá dírithe ar acmhainneacht São Tomé agus Príncipe i réimse na heolaíochta a neartú, go háirithe arna iarraidh sin go sonrach do São Tomé agus Príncipe.

3. Gabhann an dá Pháirtí orthu féin go gcomhlíonfaidh siad moltaí agus rúin uile an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA).

4. I gcomhréir le hAirteagal 4 den Chomhaontú, ar bhonn na moltaí agus na rún arna nglacadh laistigh de CICTA agus i bhfianaise na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil,

rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste dá bhforáiltear in Airteagal 9 den Chomhaontú maidir le bearta féideartha le haghaidh bhainistiú inbhuanaithe na speiceas éisc a chumhdaítear leis an bPrótacal seo agus a dhéanann difear do ghníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais.

5. D'fhonn siorcanna a bhainistiú agus a chaomhnú go cuí, comhaontóidh na Páirtithe dlúthfhaireachán a dhéanamh ar ghabhálacha na speiceas sin trí shonraí maidir le gabhálacha a mhalartú mar a fhoráiltear i gCaibidil III den Iarscríbhinn. Glacfaidh an Comhchoiste, i gcás inarb iomchuí, bearta breise lena leagfar síos creat ionas gur fearr is féidir gníomhaíochtaí an chabhlaigh spiléireachta a bhainistiú.

6. Oibreoidh an dá Pháirtí i gcomhar d'fhonn sásraí a neartú chun maoirseacht a dhéanamh ar an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte in São Tomé agus Príncipe, chun iniúchadh a dhéanamh uirthi agus chun í a chomhrac.

7. De bhun Airteagal 4 den Chomhaontú, féadfaidh na Páirtithe cruinniú eolaíoch a thionól le haghaidh aon mheastóireacht eolaíoch, chun bearta a mholadh arb é is aidhm dóibh acmhainn iascaigh a bhainistiú go hinbhuanaithe, nó chun Airteagail 10 agus 11 den Phrótacal seo a chur chun feidhme.

### *Airteagal 9)*
### *Athbhreithniú ar dheiseanna iascaireachta agus ar bhearta teicniúla*

1. Féadfaidh an Comhchoiste na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear in Airteagal 5 a athbhreithniú a mhéid atá an t-athbhreithniú sin i gcomhréir le bainistiú inbhuanaithe na speiceas éisc a chumhdaítear leis an bPrótacal seo.

2. Sa chás sin, déanfar an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 2, pointe (a) a choigeartú *pro rata temporis* agus ní mór na modhnuithe a áireamh sa Phrótacal seo agus sna hIarscríbhinní a ghabhann leis.

3. Féadfaidh an Comhchoiste na forálacha a bhaineann leis na coinníollacha lena rialaítear gníomhaíochtaí iascaireachta agus na bearta teicniúla maidir le tacaíocht earnála a chur chun feidhme sa Phrótacal seo a scrúdú agus, más gá, a oiriúnú trí chomhaontú frithpháirteach.

### *Airteagal 10)*
### *Deiseanna iascaireachta nua*

1. Maidir le saothrú iascach nach gcumhdaítear leis an bPrótacal seo, féadfaidh údaráis São Tomé agus Príncipe a iarraidh ar an Aontas breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an t-iascach sin a bheith ann. In éagmais sonraí leordhóthanacha maidir le stádas na stoc, tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis na coinníollacha chun tabhairt faoi thionscnamh taiscéalaíoch, agus aird á tabhairt ar an gcomhairle eolaíoch is fearr a sholáthraítear do shaineolaithe eolaíocha an dá Pháirtí.

2. I bhfianaise na dtorthaí sin agus má chuireann an tAontas a spéis in iúl sna hiascaigh sin, rachaidh an dá pháirtí i gcomhairle le chéile sa Chomhchoiste sula ndeonóidh údaráis São Tomé agus Príncipe aon údarú. I gcás inarb iomchuí, tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis na coinníollacha is infheidhme maidir leis na deiseanna iascaireachta nua sin agus, más gá, déanfaidh siad leasuithe ar an bPrótacal seo agus ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis.

*Airteagal 11)*
*Dreasachtaí tabhairt i dtír agus an comhar a chur chun cinn idir oibreoirí eacnamaíocha*

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile d'fhonn feabhas a chur ar na roghanna maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír ag calafoirt São Tomé agus Príncipe. Féachfaidh São Tomé agus Príncipe le coinníollacha fabhracha a thabhairt i bhfeidhm go tapa le gur féidir le soithí de chuid an Aontais cuid dá ngabhálacha a thabhairt i dtír. Tabharfaidh São Tomé agus Príncipe fógra oifigiúil don Aontas a luaithe a bheidh na coinníollacha sin i bhfeidhm sna calafoirt arna n-ainmniú ag São Tomé agus Príncipe. As sin amach, féachfaidh cabhlach an Aontais le cuid dá ghabhálacha a thabhairt i dtír, go háirithe foghabhálacha.

2. Déanfaidh na Páirtithe caidreamh teicniúil, eacnamaíoch agus trádála idir fiontair agus creat atá fabhrach d'fhorbairt na trádála agus na hinfheistíochta a chur chun cinn.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun feasacht a mhúscailt i measc oibreoirí príobháideacha an Aontais maidir le deiseanna tráchtála agus tionsclaíocha in earnáil an iascaigh agus an gheilleagair ghoirm in São Tomé agus Príncipe.

4. Cuirfidh na Páirtithe oibreoirí an Aontais ar an eolas faoi na socruithe lóistíochta a cuireadh i bhfeidhm chun soláthar breosla, bia agus soláthairtí eile do shoithí de chuid an Aontais i gcalafoirt São Tomé agus Príncipe a spreagadh.

5. Gabhann na Páirtithe orthu féin go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun an geilleagar gorm a chur chun cinn, go háirithe i réimsí an dobharshaothraithe, na pleanála spásúla muirí, an fhuinnimh, na biteicneolaíochta muirí agus chosaint na n-éiceachóras muirí.

6. Spreagfaidh na Páirtithe infheistíocht in earnálacha an iascaigh agus an gheilleagair ghoirm, i gcomhréir le cuspóirí straitéis São Tomé agus Príncipe sa dá réimse sin.

*Airteagal 12)*
*Cur i bhfeidhm an Phrótacail a chur ar fionraí*

1. Féadfar cur i bhfeidhm an Phrótacail seo a chur ar fionraí ar thionscnamh ceann den dá Pháirtí, má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

(a) imthosca neamhghnácha, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, mír (h), den Chomhaontú, lena gcuirtear cosc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe;

(b) athruithe móra ar shainiú nó ar chur chun feidhme bheartas iascaigh ceachtar de na Páirtithe ar athruithe iad a dhéanann difear d'fhorálacha an Phrótacail seo;

(c) i gcás ina ngníomhachtófar na sásraí dá bhforáiltear in Airteagal 101, míreanna (6) agus (7) de Chomhaontú Shamó i gcás sárú ar na heilimintí fíor-riachtanacha nó i gcásanna tromchúiseacha éillithe mar a shainmhínítear sa Chomhaontú sin;

(d) i gcás nach n-íocfaidh an tAontas an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 2, pointe (a), ar chúiseanna seachas na cúiseanna dá bhforáiltear san Airteagal seo;

(e) díospóid thromchúiseach gan réiteach maidir le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an Phrótacail seo idir an dá Pháirtí.

2. I gcás ina gcuirfear an cur i bhfeidhm ar fionraí ar chúiseanna seachas na cúiseanna a thugtar i mír 1, pointe (c), ceanglófar ar an bPáirtí lena mbaineann fógra a thabhairt i scríbhinn faoina rún trí (3) mhí ar a laghad roimh an dáta a bheidh éifeacht ag an bhfionraí sin.

3. I gcás fionraí, leanfaidh na Páirtithe de dhul i gcomhairle le chéile d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil ar an díospóid eatarthu. I gcás ina dtiocfar ar réiteach, cuirfear tús le cur i bhfeidhm an Phrótacail arís agus déanfar méid na ranníocaíochta airgeadais a laghdú go comhréireach agus *pro rata temporis* de réir na tréimhse ar lena linn a cuireadh cur i bhfeidhm an Phrótacail ar fionraí.

*Airteagal 13)*
*Reachtaíocht is infheidhme*

1. Is le reachtaíocht São Tomé agus Príncipe a rialófar gníomhaíochtaí shoithí de chuid an Aontais a oibríonn in uiscí São Tomé agus Príncipe, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú, sa Phrótacal seo ná san Iarscríbhinn agus sna Foscríbhinní a ghabhann leis.

2. Cuirfidh údaráis São Tomé agus Príncipe an tAontas ar an eolas faoi aon athrú nó aon reachtaíocht nua a bhaineann le hearnáil an iascaigh. Beidh modhnuithe ina gceangal ar shoithí de chuid an Aontais laistigh de sheasca (60) lá tar éis fógra a fháil.

3. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach údaráis São Tomé agus Príncipe ar an eolas faoi aon athrú nó aon reachtaíocht nua a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an chabhlaigh cianuisce de chuid an Aontais.

*Airteagal 14)*
*Malartú leictreonach faisnéise*

1. Déanfaidh São Tomé agus Príncipe agus an tAontas córais TF a úsáid agus a chothabháil le haghaidh malartuithe leictreonacha a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe:

2. Baineann na malartuithe sin leis na nithe seo a leanas:

(a) nósanna imeachta údaraithe soithí de chuid an Aontais a dhéanfaidh údaráis São Tomé agus Príncipe

(b) gníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, go háirithe tríd an méid seo a leanas a chur ar fáil:

– suíomhanna soithí de chuid an Aontais, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos don chóras um fhaireachán soithí (VMS);

– gabhálacha laethúla soithí de chuid an Aontais,

– fógraí maidir le dul isteach i limistéar iascaireachta agus imeacht as a dhéanann soithí de chuid an Aontais,

– réamhfhógraí trasloingsithe agus dearbhuithe trasloingsithe soithí de chuid an Aontais i gcalafoirt São Tomé agus Príncipe,

– réamhfhógraí maidir le soithí de chuid an Aontais a bheith ag filleadh ar an gcalafort agus dearbhuithe ó na soithí sin maidir le tabhairt i dtír i gcalafoirt São Tomé agus Príncipe.

3. Measfar ag aon tráth an fhoirm leictreonach de dhoiciméad a bheith coibhéiseach leis an leagan páipéir.

4. Tabharfaidh São Tomé agus Príncipe agus an tAontas fógra dá chéile gan mhoill faoi aon mhífheidhmiú i gcóras TF agus cuirfidh siad chun feidhme na nósanna imeachta is gá chun go leanfar den mhalartú faisnéise. Déanfar an fhaisnéis agus na doiciméid a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe a tharchur ansin trí mhodh cumarsáide malartach, fad a mhairfidh an mhífheidhm ar tugadh fógra ina leith.

5. Na socruithe maidir le tarchur sonraí, lena n-áirítear na forálacha a bhaineann le leanúnachas an mhalartaithe faisnéise, leagtar síos san Iarscríbhinn iad.

6. Féachfaidh na Páirtithe le tarchur sonraí ERS, dá dtagraítear i gCaibidil III den Iarscríbhinn, a chur chun feidhme san fhormáid UN/FLUX laistigh de 12 mhí ar a mhéad ó shíniú an Phrótacail seo.

7. I gcás deacrachtaí teicniúla, comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhairle le chéile d'fhonn teacht ar réiteach malartach agus bearta a dhéanamh chun an cuspóir sin a bhaint amach a luaithe is féidir.

*Airteagal 15)*
*Sonraí a chosaint*

1. Áiritheoidh São Tomé agus Príncipe agus an tAontas go n-úsáidfidh an t-údarás inniúil na sonraí a mhalartófar faoin gComhaontú chun an Comhaontú a chur chun feidhme, agus chun na críche sin amháin, agus go háirithe chun bainistíocht agus taighde eolaíoch a dhéanamh agus chun faireachán, rialú agus faireachas a dhéanamh ar an iascaireacht.

2. Maidir le sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus sonraí pearsanta a bhaineann le soithí de chuid an Aontais agus a ngníomhaíochtaí iascaireachta, ar sonraí iad a fuarthas i gcomhthéacs an Chomhaontaithe, mar aon le gach faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála a bhaineann le córais chumarsáide a úsáideann an tAontas, gabhann na Páirtithe orthu féin gur faoi rún a phléifear leo. Áiritheoidh na Páirtithe nach gcuirfear ar fáil go poiblí ach sonraí comhiomlánaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí de chuid an Aontais sa limistéar iascaireachta.

3. Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach dlíthiúil, cóir agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí.

4. Déanfar sonraí pearsanta a mhalartófar faoin gComhaontú a phróiseáil i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 6 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo. Féadfaidh an Comhchoiste coimircí agus leigheasanna dlí breise maidir le sonraí pearsanta agus cearta na ndaoine lena mbaineann a leagan síos.

5. Na sonraí a mhalartófar faoin gComhaontú, leanfar dá bpróiseáil i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le Foscríbhinn 6, fiú tar éis dhul in éag an Phrótacail seo.

*Airteagal 16)*
*Sainphribhléidí an Chomhchoiste*

1. Féadfaidh an Comhchoiste arna bhunú le hAirteagal 9 den Chomhaontú plé a dhéanamh nó cinneadh a dhéanamh trí mhalartú litreacha nó trí chianchruinniú.

2. I gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhaineann go sonrach le gach Páirtí, glacfaidh an Comhchoiste modhnuithe ar an bPrótacal seo a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) na deiseanna iascaireachta faoi Airteagal 5 agus an tonnáiste tagartha a leagtar síos in Airteagal 6, mír 2, pointe (a), agus dá bhrí sin an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 2, pointe (a), i gcomhréir le forálacha Airteagail 9 agus 10 den Phrótacal seo;

(a) na socruithe maidir le cur i bhfeidhm na tacaíochta earnála dá bhforáiltear in Airteagal 7 den Phrótacal seo;

(b) na téarmaí agus na socruithe teicniúla lena rialaítear an iascaireacht a dhéanann soithí de chuid an Aontais;

(c) na coimircí breise dá bhforáiltear in Airteagal 15, mír 4, arb é is aidhm dóibh sonraí pearsanta a chosaint;

3. Déanfar modhnuithe den sórt sin ar an bPrótacal seo a thaifeadadh i miontuairiscí a shíneoidh na Páirtithe ina sonrófar an dáta a bheidh na modhnuithe sin infheidhme.

*Airteagal 17)*
*Tréimhse*

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo ar feadh tréimhse ceithre (4) bliana ón gcur i bhfeidhm sealadach i gcomhréir le hAirteagal 19, mura dtabharfar fógra foirceanta i gcomhréir le hAirteagal 18.

*Airteagal 18)*
*Foirceannadh*

1. I gcás ina ndéanfar an Prótacal seo a fhoirceannadh, tabharfaidh an Páirtí lena mbaineann fógra i scríbhinn don Pháirtí eile faoin rún atá aige an Prótacal a fhoirceannadh 6 mhí ar a laghad roimh an dáta a thiocfadh an foirceannadh sin i bhfeidhm.

2. Is é an toradh a bheidh ar sheoladh an fhógra dá bhforáiltear sa mhír a tháinig roimhe seo go gcuirfear tús le comhairliúcháin idir na Páirtithe.

*Airteagal 19)*
*Cur i bhfeidhm sealadach*

Beidh feidhm shealadach ag an bPrótacal seo ón dáta a shíneoidh na Páirtithe é.

*Airteagal 20)*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun go nglacfar é curtha i gcrích acu.

*Airteagal 21)*
*Téacsanna barántúla*

Tarraingeofar an Prótacal suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa

Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann Phoblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe;

## IARSCRÍBHINN

## Coinníollacha lena rialaítear iascaireacht soithí de chuid an Aontais i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe

## CAIBIDIL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

### 1. AN T-ÚDARÁS INNIÚIL A AINMNIÚ

Chun críocha na hIarscríbhinne seo agus mura sonraítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt don Aontas (AE) nó do São Tomé agus Príncipe mar údarás inniúil:

– i gcás an Aontas Eorpaigh an Coimisiún Eorpach, i gcás inarb infheidhme tríd an toscaireacht AE atá freagrach as São Tomé agus Príncipe;

– i gcás São Tomé agus Príncipe an Stiúrthóireacht um Iascach san aireacht atá freagrach as iascaigh.

### 2. LIMISTÉAR IASCAIREACHTA

Féadfaidh soithí de chuid an Aontais a oibríonn faoin bPrótacal seo a ngníomhaíochtaí a dhéanamh i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach (LEE) São Tomé agus Príncipe, cé is moite de limistéir a fhorchoimeádtar le haghaidh iascaireacht ar mionscála agus iascaireacht leaththionsclaíoch.

Is iad na comhordanáidí LEE na comhordanáidí sin a cuireadh in iúl do na Náisiúin Aontaithe an 7 Bealtaine 1998.

Cuirfidh São Tomé agus Príncipe gach modhnú ar an limistéar iascaireachta in iúl don Aontas gan mhoill.

### 3. NA LIMISTÉAR A BHFUIL TOIRMEASC AR LOINGSEOIREACHT AGUS AR IASCAIREACHT IONTU

Gan eisceacht, toirmiscfear gach gníomhaíocht iascaireachta sa limistéar atá beartaithe le haghaidh forbairt chomhpháirteach atá le déanamh ag São Tomé agus Príncipe agus ag an Nigéir. Leagtar amach comhordanáidí an limistéir sin i bhFoscríbhinn 1.

### 4. CUNTAS BAINC

Cuirfidh São Tomé agus Príncipe an tAontas ar an eolas, roimh theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo, maidir le mionsonraí an chuntais bainc/na gcuntas bainc nach mór d'oibreoirí soithí de chuid an Aontais na méideanna airgeadais is iníoctha a íoc iontu faoin gComhaontú. Is iad oibreoirí na soithí a iompróidh na costais a bhaineann leis na haistrithe bainc.

### 5. SONRAÍ TEAGMHÁLA

Tugtar na sonraí teagmhála is gá le haghaidh na cumarsáide dá bhforáiltear san Iarscríbhinn seo i bhFoscríbhinn 2.

### 6. COINSÍNÍ

Oibreoir soithigh de chuid an Aontais a bhfuil sé beartaithe aige tabhairt i dtír nó trasloingsiú a dhéanamh i gcalafort São Tomé agus Príncipe, nó iascaire ó São Tomé agus Príncipe a thabhairt

ar bord, féadfaidh gníomhaire a bhfuil cónaí air in São Tomé agus Príncipe ionadaíocht a dhéanamh air, gníomhaire arna roghnú ón liosta de na gníomhairí údaraithe arna soláthar ag údaráis São Tomé agus Príncipe.

### 7. TEANGACHA OIBRE

Comhaontaíonn na Páirtithe, a mhéid is féidir, gurb iad an Phortaingéilis agus an Fhraincis na teangacha oibre a úsáidfear i gcruinnithe arb é is aidhm dóibh an Prótacal seo a chur chun feidhme.

## CAIBIDIL II

## ÚDARUITHE IASCAIREACHTA

Chun forálacha na hIarscríbhinne seo a chur i bhfeidhm, beidh an téarma 'údarú iascaireachta' coibhéiseach leis an téarma 'cead iascaireachta' i reachtaíocht São Tomé agus Príncipe.

### Roinn 1: Nósanna imeachta is infheidhme

### 1. RÉAMHRIACHTANAIS CHUN ÚDARÚ IASCAIREACHTA A FHÁIL

1. Ní fhéadfaidh ach soithí incháilithe údarú a fháil chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe.

2. Chun go mbeidh soitheach incháilithe, ní mór nach mbeidh toirmeasc ar an oibreoir ná ar an gcaptaen ná ar an soitheach féin gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh in São Tomé agus Príncipe. Ní mór dóibh a bheith dlisteanach *vis-à-vis* riarachán São Tomé agus Príncipe sa mhéid is nach mór dóibh na hoibleagáidí uile a d'eascair as a ngníomhaíochtaí iascaireachta São Tomé agus Príncipe roimhe seo a chomhlíonadh faoi na comhaontuithe iascaigh a tugadh i gcrích leis an Aontas. Ina theannta sin, ní mór Rialachán (AE) Uimh. 2017/2403 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha a chomhlíonadh leo.

### 2. IARRATAS AR ÚDARÚ IASCAIREACHTA

1. Cuirfidh údaráis inniúla an Aontais iarratas faoi bhráid na haireachta atá freagrach as iascaigh in São Tomé agus Príncipe go leictreonach le haghaidh gach soithigh ar mian leis iascaireacht a dhéanamh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh cúig lá oibre déag (15) ar a laghad roimh an dáta a chuirfear tús leis an mbailíocht a iarradh.

2. Cuirfear iarratais faoi bhráid na haireachta atá freagrach as iascaigh lena ngabhfar an fhaisnéis a leagtar amach i bhFoscríbhinn 3. Chun iarratais ar údaruithe iascaireachta a tharchur agus a léiriú gur glacadh leo, bainfear úsáid as córas LICENCE, is é sin an córas leictreonach slán chun údaruithe iascaireachta a bhainistiú, arna chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach.

3. Beidh an méid seo a leanas i ngach iarratas ar údarú iascaireachta freisin:

– cruthúnas gur íocadh an réamhíocaíocht ar ráta comhréidh agus na ranníocaíochtaí ar ráta comhréidh le haghaidh na mbreathnóirí i gcomhair thréimhse bhailíochta an údaraithe;

– grianghraf daite den soitheach a tógadh le déanaí, ar grianghraf é ina dtaispeántar radharc cliathánach den soitheach;

– cóip de dheimhniú clárúcháin an tsoithigh;

– i gcás inarb iomchuí, aon doiciméad eile a cheanglaítear le reachtaíocht São Tomé agus Príncipe le haghaidh an chineáil soithigh lena mbaineann agus ar thug São Tomé agus Príncipe fógra faoi sa Chomhchoiste.

4. Ní mór na spriocspeicis a léiriú go soiléir nó lena gcód FAO i ngach iarratas ar údarú iascaireachta, i gcomhréir leis an liosta i bhFoscríbhinn 4.

5. Féadfar a áireamh san iarratas ar údarú iascaireachta fógra faoin rún eití siorca a bhaint go páirteach ar bord an tsoithigh agus oibríochtaí eile a dhéanamh ar bord, amhail dí-inniú.

6. Nuair a dhéanfar údarú faoin bPrótacal atá i bhfeidhm a athnuachan, i gcás soitheach nár athraíodh a shaintréithe teicniúla, ní féadfar ach cruthúnas gur íocadh an muirear a bheith ag gabháil leis an iarratas ar athnuachan.

## 3. Tréimhse bhailíochta na n-údaruithe iascaireachta

Is éard atá i bhfad na tréimhse bailíochta tréimhse bhliantúil a shainítear mar a leanas:

– i gcás na chéad bhliana a chuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm, an tréimhse idir dáta a theacht i bhfeidhm agus an 31 Nollaig den bhliain chéanna;

– ina dhiaidh sin, an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig;

– i gcás na bliana deiridh a chuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm, an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an dáta a rachaidh an Prótacal seo in éag.

## 4. Muirear ar ráta comhréidh

1. Leagtar amach méid an mhuirir ar ráta comhréidh in aghaidh an tsoithigh maidir le gach catagóir i Roinn 2.

2. Íocfar an muirear leis an gcuntas arna shonrú ag São Tomé agus Príncipe i gcomhréir le pointe 4 de Chaibidil I den Iarscríbhinn seo.

3. I gcás na chéad bhliana agus na bliana deireanaí de chur i bhfeidhm an Phrótacail, déanfar na muirir ar ráta comhréidh agus na tonnáistí lena mbaineann maidir leis na báid saighne agus báid spiléireachta dromchla a laghdú *pro rata temporis*.

## 5. Údaruithe iascaireachta a eisiúint

1. Eiseofar údaruithe iascaireachta laistigh de chúig lá oibre déag (15) tar éis don aireacht atá freagrach as iascaigh in São Tomé agus Príncipe na doiciméid uile dá bhforáiltear i bpointe 2 den Roinn seo a fháil.

2. Cuirfear na bunchóipeanna faoi bhráid an Aontais trí thoscaireacht an Aontais atá freagrach as São Tomé agus Príncipe.

3. Sonrófar san údarú na speicis nó na catagóirí a bhféadfar iascaireacht a dhéanamh orthu (tuinníní, colgáin agus siorcanna údaraithe).

4. Léireoidh São Tomé agus Príncipe gur glacadh leis an iarratas agus uaslódálfaidh sé cóip leictreonach de bhunchóip an cheadúnais agus é sínithe i gcóras LICENCE a

luaithe a bheidh an córas sin feidhmiúil. Idir an dá linn, seolfaidh sé cóip scanta de na húdaruithe a eisíodh chuig an Aontas le ríomhphost.

5. I gcás ina dtiocfaidh deacrachtaí chun cinn maidir le faisnéis a tharchur idir an Coimisiún Eorpach agus São Tomé agus Príncipe i gcóras LICENCE, déanfar malartuithe leictreonacha údaruithe iascaireachta trí ríomhphost go dtí go mbeidh an córas ag feidhmiú arís.

6. A luaithe a bheidh an córas athbhunaithe, déanfaidh gach Páirtí an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta i gcóras LICENCE.

7. Ionas nach gcuirfear moill ar an bhféidearthacht iascaireacht a dhéanamh sa limistéar, féadfar an chóip sin a úsáid ar feadh uastréimhse seasca (60) lá tar éis dháta eisiúna an údaraithe iascaireachta. Le linn na tréimhse sin, measfar go bhfuil an chóip coibhéiseach leis an mbunchóip.

8. Tarraingeoidh São Tomé agus Príncipe suas liosta cothrom le dáta de na soithí atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh i limistéar São Tomé agus Príncipe. Seolfar an liosta sin chuig an údarás náisiúnta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an iascaireacht agus chuig an Aontas.

## 6. ÚDARUITHE IASCAIREACHTA A IONADÚ AR BHONN EISCEACHTÚIL. IARRATAS A CHUR AR CEAL

1. Eiseofar an t-údarú iascaireachta thar ceann soitheach ar leith agus ní bheidh sé inaistrithe. Mar sin féin, arna iarraidh sin don Aontas agus i gcás ina gcruthaítear *force majeure* a bheith i gceist, féadfar údarú iascaireachta soithigh amháin a tharraingt siar agus féadfar údarú iascaireachta nua a eisiúint don chuid eile den tréimhse bhailíochta le haghaidh soitheach eile den chatagóir chéanna, i gcomhréir le rialacha mionsonraithe atá le sainiú.

2. Cuirfidh an t-oibreoir an t-údarú iascaireachta tosaigh faoi bhráid na haireachta atá freagrach as iascaigh in São Tomé agus Príncipe. Gabhfaidh éifeacht leis an údarú don soitheach ionaid ar an dáta sin. Tabharfaidh São Tomé agus Príncipe fógra don Aontas faoi aistriú an údaraithe iascaireachta agus faoin dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

3. Is féidir iarratas ar údarú a chur ar ceal sula n-eiseofar an t-údarú. Aisíocfaidh São Tomé agus Príncipe na méideanna arna n-íoc as an údarú sin leis an oibreoir lena mbaineann nó cuirfear chun sochair chomhlachas na n-oibreoirí iad chun íocaíocht amach anseo faoin bPrótacal seo a chumhdach.

## 7. COINNEÁIL AR BORD AN ÚDARAITHE IASCAIREACHTA

Coimeádfar an t-údarú iascaireachta ar bord i gcónaí, gan dochar d’fhorálacha mhír 7, pointe (5) den Roinn seo.

## 8. SOITHÍ TACAÍOCHTA

1. Arna iarraidh sin don Aontas agus tar éis d’údaráis São Tomé agus Príncipe scrúdú a dhéanamh, údaróidh São Tomé agus Príncipe soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu le cúnamh a fháil ó shoithí tacaíochta.

2. Ní bheidh na soithí tacaíochta feistithe chun éisc a ghabháil. Ní fhéadfar athbhreoslú ná trasloingsiú gabhálacha a áireamh sa tacaíocht sin.

3. Beidh soithí tacaíochta faoi réir an nós imeachta chun iarratais ar údaruithe iascaireachta a dá bhforáiltear sa Chaibidil seo a a tharchur, a mhéid is infheidhme. Tarraingeoidh São Tomé agus Príncipe liosta de na soithí tacaíochta údaraithe suas agus seolfaidh sé láithreach chuig an Aontas é.

**<u>Roinn 2: Muirir agus réamhíocaíochtaí</u>**

1. Is é EUR 85 in aghaidh an tona an muirear is iníoctha ag na hoibreoirí as gabhálacha gach speicis soithí de chuid an Aontais i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe.

2. Eiseofar údaruithe iascaireachta tar éis na muirir ar ráta comhréidh seo a leanas a íoc:

– i gcás báid saighne tuinníní: EUR 11050 in aghaidh an tsoithigh, coibhéiseach leis na muirir atá dlite i leith 130 tona;

– i gcás báid spiléireachta dromchla: EUR 3995 in aghaidh an tsoithigh, coibhéiseach leis na muirir atá dlite i leith 47 dtona;

3. Don chéad tréimhse bhliantúil agus don tréimhse bhliantúil dheireanach a shainítear i mír 1, ríomhfar na muirir ar ráta comhréidh dá bhforáiltear i mír 2 agus na réamhíocaíochtaí arna sloinneadh i dtonnáiste *pro rata temporis*.

4. Beidh soithí tacaíochta na mbád saighne faoi réir muirear bliantúil EUR 3 500 a íoc.

5. Cuimseofar sna muirir na cánacha náisiúnta agus áitiúla uile seachas cánacha calafoirt agus táillí seirbhíse.

6. I gcás gach soithigh agus ar bhonn a dhearbhuithe gabhálacha, tarraingeoidh an tAontas suas ráiteas na ngabhálacha agus ráiteas na muirear nach mór don soitheach a íoc mar gheall ar a thréimhse bhliantúil den bhliain roimhe sin. Cuirfidh sé na ráitis deiridh sin ar aghaidh chuig údaráis São Tomé agus Príncipe agus chuig an oibreoir trí na Ballstáit roimh an 30 Meitheamh den bhliain reatha. Féadfaidh São Tomé agus Príncipe agóid a dhéanamh in aghaidh na ráiteas deiridh sin laistigh de thríocha (30) lá tar éis iad a fháil, ar bhonn cruthúnas doiciméadach. I gcás easaontais, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile, sa Chomhchoiste i gcás arb iomchuí. Mura ndéanfaidh São Tomé agus Príncipe agóid laistigh de thríocha lá (30) mar a luaitear thuas, measfar na ráitis deiridh a bheith glactha.

7. Má tá an ráiteas deiridh níos airde ná an réamh-mhuirear ar ráta comhréidh a íocadh as an údarú iascaireachta a fháil, íocfaidh an t-oibreoir an t-iarmhéid le São Tomé agus Príncipe laistigh de chúig lá is fiche (45), ach amháin má chuireann sé in aghaidh a agóide. Íocfar na hiarmhéideanna gan íoc isteach i gcuntas an Chiste Forbraíochta. Mar sin féin, i gcás ina mbeidh méid an ráitis deiridh níos lú ná an réamh-mhuirear ar ráta comhréidh, ní fhéadfaidh an t-oibreoir soithigh an tsuim iarmhair a fháil ar ais.

## CAIBIDIL III

## FAIREACHÁN AGUS TUAIRISCIÚ A DHÉANAMH AR GHABHÁLACHA

**<u>Roinn 1: Logleabhair iascaireachta leictreonacha</u>**

1. An captaein ar shoitheach de chuid an Aontais a bheidh i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta faoin gComhaontú, coimeádfaidh sé logleabhar iascaireachta leictreonach a bheidh comhtháthaithe i gcóras taifeadta agus tuairiscithe leictreonach (ERS);

2. Ní údarófar do shoitheach nach bhfuil feistithe le ERS dul isteach i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh ann.

3. Is é an captaen atá freagrach as cruinneas na sonraí arna dtaifeadadh sa logleabhar iascaireachta leictreonach. Comhlíonfaidh an logleabhar iascaireachta rúin agus moltaí ábhartha CICTA.

4. Gach lá, déanfaidh an captaen taifead ar na cainníochtaí measta de gach speiceas a ghabhtar agus a choimeádtar ar bord, nó a aischuirtear san fharraige, le haghaidh gach oibríochta iascaireachta. Déanfar cainníochtaí measta speicis a gabhadh nó a aischuireadh a thaifeadadh gan beann ar an meáchan.

5. Má tá soitheach i láthair nach dtéann i mbun iascaireachta, déanfar suíomh an tsoithigh ag meán lae a thaifeadadh.

6. Tarchuirfear sonraí an logleabhair iascaireachta go huathoibríoch agus ar bhonn laethúil chuig lárionad faireacháin iascaigh (LFI) an Stáit brataí. Cuimseofar an méid seo a leanas ar a laghad sa tarchur:

(a) uimhreacha aitheantais agus ainm an tsoithigh de chuid an Aontais;

(b) cód 3-alfa FAO gach speicis;

(c) an limistéar geografach ábhartha ina ndearnadh na gabhálacha;

(d) an dáta agus, i gcás inarb iomchuí, am na ngabhálacha;

(e) an dáta agus an t-am imeachta as an gcalafort agus dul isteach ann, agus fad an turais iascaireachta;

(f) an cineál trealamh, agus a shonraíochtaí teicniúla agus toisí ;

(g) na cainníochtaí measta de gach speiceas a choimeádtar ar bord, i gcileagraim de choibhéis beomheáchain nó, más iomchuí, líon na n-iasc aonair;

(h) na cainníochtaí measta de gach speiceas a aischuireadh, i gcileagraim de choibhéis beomheáchain, nó, i gcás inarb iomchuí, líon na n-iasc aonair;

7. Áiritheoidh an Stát brataí go bhfaighfear iad agus go ndéanfar iad a thaifeadadh i mbunachar sonraí TF lenar féidir na sonraí sin a stóráil go slán ar feadh 36 mhí ar a laghad.

8. Áiritheoidh an Stát brataí agus São Tomé agus Príncipe go mbeidh an trealamh agus na bogearraí TF is gá acu chun sonraí ERS a tharchur go huathoibríoch. Ní mór sonraí ERS a tharchur trí úsáid a bhaint as na modhanna cumarsáide leictreonacha atá á mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach chun sonraí maidir leis an iascaireacht a mhalartú i bhfoirm chaighdeánaithe. Déanfar modhnuithe ar chaighdeáin a chur chun feidhme laistigh de shé (6) mhí.

9. Áiritheoidh LFI an Stáit brataí go gcuirfear logleabhair iascaireachta ar fáil go huathoibríoch, tríd an ERS, do LFI São Tomé agus Príncipe ar bhonn laethúil don tréimhse a bhfuil an soitheach sa limistéar iascaireachta, fiú i gcás gabháil nialasach.

10. Is i bhFoscríbhinn 4 a leagtar amach na socruithe chun gabhálacha a thuairisciú trí bhíthin ERS agus na nósanna imeachta i gcás mífheidhme.

11. Déanfaidh údaráis São Tomé agus Príncipe na sonraí maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta soithí aonair a láimhseáil ar bhealach rúnda agus slán.

## Roinn 2 – Sonraí comhiomlánaithe faoi na gabhálacha

1. Gach ráithe soláthróidh an Stát brataí cainníochtaí, arna gcomhiomlánú thar aon mhí amháin, de ghabhálacha agus d'ábhar muirí aischurtha gach soithigh sa bhunachar sonraí a choinníonn an Coimisiún Eorpach. I gcás speiceas atá faoi réir gabháil iomlán incheadaithe i gcomhréir leis an bPrótacal nó le moltaí CICTA, soláthrófar na cainníochtaí ar bhonn míosúil don mhí roimhe sin.
2. Fíoróidh an Stát brataí na sonraí trí chros-seiceáil a dhéanamh le sonraí maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, sonraí díolacháin, sonraí iniúchóireachta nó sonraí breathnóireachta agus aon fhaisnéis ábhartha a bhfuil na húdaráis ar an eolas fúithi. Na nuashonruithe ar an mbunachar sonraí a cheanglaítear mar thoradh ar na fíoruithe sin, déanfar iad a luaithe is féidir. Úsáidfear comhordanáidí geografacha an limistéir iascaireachta sna fíoruithe mar a bhunaítear i gcomhréir leis an bPrótacal seo.
3. Roimh dheireadh gach ráithe, soláthróidh an tAontas sonraí comhiomlánaithe d'údaráis São Tomé agus Príncipe le haghaidh na ráithí roimhe sin den bhliain reatha, ina léireofar na cainníochtaí gabhálacha in aghaidh an tsoithigh, in aghaidh na míosa gabhála, agus in aghaidh an speicis, arna mbaint as an mbunachar sonraí. Beidh na sonraí sin sealadach agus ag athrú de réir a chéile.
4. Déanfaidh údaráis São Tomé agus Príncipe anailís orthu agus tuairisceoidh siad aon mhór-neamhréireacht le sonraí na logleabhar leictreonacha arna soláthar ag ERS. Déanfaidh na Stáit bhrataí imscrúduithe agus tabharfaidh siad na sonraí cothrom le dáta de réir mar is gá.

# CAIBIDIL IV

# FAIREACHÁN, RIALÚ AGUS FAIREACHAS

## Roinn 1: Rialú agus iniúchadh

Comhlíonfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais na bearta agus na moltaí arna nglacadh ag CICTA maidir le trealamh iascaireachta, a sonraíochtaí teicniúla agus aon bheart teicniúil eile is infheidhme maidir lena ngníomhaíochtaí iascaireachta agus lena ngabhálacha.

### 1. DUL ISTEACH I LIMISTÉAR IASCAIREACHTA SÃO TOMÉ AGUS PRÍNCIPE AGUS IMEACHT AS

1. Soithí de chuid an Aontais a oibríonn faoin bPrótacal seo in uiscí São Tomé agus Príncipe, tabharfaidh siad fógra d'údaráis inniúla São Tomé agus Príncipe trí (3) uair an chloig ar a laghad roimh ré faoina rún dul isteach i limistéar eacnamaíoch eisiach São Tomé agus Príncipe nó imeacht as.
2. Agus fógra á thabhairt acu faoi dhul isteach i limistéar eacnamaíoch eisiach São Tomé agus Príncipe nó faoi imeacht as, cuirfidh soithí in iúl freisin, an tráth céanna, a suíomh agus na gabhálacha atá ar bord cheana féin, arna sainaithint lena gcód alfa 3 FAO, arna sloinneadh i gcileagraim bheomheáchain nó, i gcás inarb iomchuí, i líon na n-iasc aonair.
3. Déanfar na teachtaireachtaí sin trí ERS nó trí ríomhphost, chuig an seoladh arna chur in iúl ag údaráis São Tomé agus Príncipe.

4. Soitheach a bhfaightear amach go bhfuil sé i mbun iascaireachta gan fógra a bheith tugtha aige faoina rún dul isteach in uiscí São Tomé agus Príncipe, beidh sé faoi réir na bpionós dá bhforáiltear i reachtaíocht São Tomé agus Príncipe.

## 2. NÓSANNA IMEACHTA INIÚCHTA

1. Is cigirí ó São Tomé agus Príncipe a dhéanfaidh iniúchtaí ar muir, i gcalafort nó amach ó limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe ar shoithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu, ar cigirí iad a shainaithnítear go soiléir go bhfuil siad sannta chun rialú iascaireachta a dhéanamh, agus úsáid á baint as soithí atá i seirbhís údaráis São Tomé agus Príncipe.

2. Roimh dhul ar bord, cuirfidh cigirí São Tomé agus Príncipe an soitheach de chuid an Aontais ar an eolas maidir lena gcinneadh iniúchadh a dhéanamh. Ní mór beirt chigirí ar a mhéad an t-iniúchadh a dhéanamh, agus soláthróidh siad cruthúnas ar a gcéannacht agus ar a gcáilíocht mar chigire sula ndéanfaidh siad an t-iniúchadh.

3. Ní fhanfaidh cigirí São Tomé agus Príncipe ar bord an tsoithigh de chuid an Aontais ach ar feadh an ama is gá chun na cúraimí a bhaineann leis an iniúchadh a dhéanamh. Déanfaidh siad an t-iniúchadh ar bhealach a n-íoslaghdóidh an tionchar ar an soitheach, ar a ghníomhaíocht iascaireachta agus ar a lasta.

4. Íomhánna (grianghraif nó físeáin) a ghlacfar le linn iniúchtaí, beidh siad beartaithe do na húdaráis atá freagrach as rialú agus faireachas iascaigh. Ní chuirfear ar fáil go poiblí iad mura bhforáiltear a mhalairt i reachtaíocht São Tomé agus Príncipe.

5. Déanfaidh captaein an tsoithigh de chuid an Aontais bordáil agus obair chigirí São Tomé agus Príncipe a éascú.

6. Ag deireadh gach iniúchta, déanfaidh cigirí São Tomé agus Príncipe tuarascáil iniúchóireachta a tharraingt suas. Beidh sé de cheart ag captaen an tsoithigh de chuid an Aontais a bharúlacha a chur sa tuarascáil iniúchóireachta. Is iad na daoine seo a leanas a shíneoidh an tuarascáil iniúchóireachta: an cigire a tharraing suas í agus captaen an tsoithigh de chuid an Aontais.

7. Maidir le síniú na tuarascála iniúchta ag an gcaptaein, beidh sé gan dochar do chearta na cosanta a bheidh ag an oibreoir le linn aon nós imeachta um shárú. Comhoibreoidh an captaein ar an soitheach le linn don nós imeachta iniúchta a bheith ar siúl. Má dhiúltaíonn sé an doiciméad a shíniú, sonróidh sé na cúiseanna atá leis sin i scríbhinn, agus marcálfaidh an cigire 'Diúltaíodh é a shíniú' air. Tabharfaidh cigirí São Tomé agus Príncipe cóip den tuarascáil iniúchóireachta do chaptaen an tsoithigh de chuid an Aontais sula bhfágfaidh sé an soitheach. Cuirfidh údaráis São Tomé agus Príncipe an tAontas ar an eolas faoi na hiniúchtaí a rinneadh laistigh de chúig uair an chloig is fiche (24) tar éis a gcríochnaithe agus faoi aon sárú a bhraitear, agus seolfaidh siad an tuarascáil chigireachta chuici. I gcás inarb infheidhme, cuirfear cóip den bhille díotála a d'eascair as sin chuig an Aontas laistigh de sheacht lá (7) ar a mhéad tar éis don chigire filleadh ar an gcalafort.

## 3. OIBRÍOCHTAÍ ÚDARAITHE AR BORD

Léireoidh údaruithe iascaireachta arna n-eisiúint ag São Tomé agus Príncipe cé na hoibríochtaí atá údaraithe ar bord, amhail dí-inniú agus baint pháirteach eití siorca.

4. TRASLOINGSITHE AGUS TABHAIRT I DTÍR

1. Gach soitheach de chuid an Aontais a oibríonn in uiscí São Tomé agus Príncipe faoin bPrótacal seo agus a dhéanann trasloingsiú in uiscí São Tomé agus Príncipe, déanfaidh siad amhlaidh amach ó chalafoirt Fernão Dias, Neves agus Ana Chaves. Beidh toirmeasc ar an trasloingsiú ar muir.

2. Soláthróidh oibreoir an tsoithigh d'údaráis São Tomé agus Príncipe, laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos, an fhaisnéis ata ag teastáil ó CICTA chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an réamhiarraidh ar dhul isteach i gcalafort;

– an réamhfhógra faoi thrasloingsiú;

– an dearbhú trasloingsithe.

3. Ina theannta sin, cuirfear dearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír i gcalafoirt São Tomé agus Príncipe in iúl do São Tomé agus Príncipe freisin laistigh de na sprioc-amanna agus na formáidí céanna a leagtar síos chun iad a chur in iúl don Stát brataí.

4. Is é São Tomé agus Príncipe a dhéanfaidh seiceálacha ar oibríochtaí trasloingsithe agus tabhairt i dtír i gcalafoirt São Tomé agus Príncipe i gcomhréir lena oibleagáidí faoin gComhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt.

5. Déanfaidh ERS na fógraí agus na dearbhuithe dá bhforáiltear sa Roinn seo a chur in iúl mar ábhar tosaíochta, idir an Stát brataí agus údaráis São Tomé agus Príncipe agus i gcomhréir le forálacha Fhoscríbhinn 5. Mar sin féin, mura dtarchuireann ERS an fhaisnéis uile dá bhforáiltear sna fógraí agus sna dearbhuithe sin, cuirfidh an t-oibreoir an fhaisnéis uile le haghaidh an imeachta lena mbaineann isteach trí ríomhphost chuig údaráis São Tomé agus Príncipe. Sa chás sin, admhóidh siad go bhfuarthas sin.

## Roinn 2: Córas saitilítbhunaithe um fhaireachán soithí (VMS)

1. Úsáidfidh na Páirtithe córas um fhaireachán soithí chun faireachán a dhéanamh ar shuíomh agus ar ghluaiseacht soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí São Tomé agus Príncipe, dá ngairtear an Córas um Fhaireachán Soithí (*Vessel Monitoring System* – VMS) anseo feasta.

2. Ní mór do gach soitheach de chuid an Aontais atá údaraithe faoin bPrótacal seo a bheith feistithe le gaireas faireacháin an tsoithigh, gléas a bheidh ag feidhmiú go hiomlán, lena mbeifear in ann é a aimsiú agus a shainaithint go huathoibríoch le gaireas rianaithe, a bhuí le sonraí suímh an tsoithigh a bheith á dtarchur go huathoibríoch go tráthrialta.

3. Beidh toirmeasc ar an ngaireas faireacháin a bhogadh, a dhícheangal, a scriosadh, a dhamáistiú nó a chur ó mhaith, nó sonraí a astaítear nó a thaifeadtar leis an gcóras sin a athrú d'aon ghnó, a atreorú nó a bhrionnú.

4. Cuirfidh soithí de chuid an Aontais a suíomh in iúl go huathoibríoch agus go leanúnach, gach dhá uair an chloig (2) ar a laghad do LFI a Stáit brataí. Féadfar an mhinicíocht sin a mhéadú mar chuid de bhearta imscrúdaitheacha maidir le gníomhaíochtaí soithigh.

5. Áiritheoidh LFI an Stáit brataí go mbeidh sonraí suímh an tsoithigh ar fáil go huathoibríoch ar feadh na tréimhse a bheidh an soitheach i láthair sa limistéar iascaireachta.

6. Ní mór an méid seo a leanas a bheith i ngach teachtaireacht suímh:

(a) sainaithint an tsoithigh;

(b) suíomh geografach is déanaí an tsoithigh (domhanleithead, domhanfhad), lena ngabhann lamháil earráide is lú ná 500 méadar agus eatramh muiníne 99 %;

(c) an dáta agus an t-am a taifeadadh an suíomh;

(d) luas agus cúrsa an tsoithigh.

7. Is i bhFoscríbhinn 5 a leagtar amach na socruithe maidir le fógra a thabhairt faoi shuíomhanna na soithí trí bhíthin VMS agus na nósanna imeachta i gcás mífheidhme.

8. Déanfaidh LFIanna cumarsáid le chéile i gcomhthéacs faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na soithí.

## CAIBIDIL V

## FOSTAÍOCHT IASCAIRÍ ACC AR BORD SHOITHÍ DE CHUID AN AONTAIS

### 1. IASCAIRÍ ACC A THABHAIRT AR BORD.

1. Tabharfaidh an t-oibreoir iascairí de chuid na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (dá ngairtear 'ACC' anseo feasta) ar bord chun oibriú ar bord a shoithigh mar bhaill den chriú fad a mhairfidh gníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh faoin bPrótacal.

2. Is é seo a leanas an líon íosta iascairí São Tomé agus Príncipe a bheidh le tabhairt ar bord in aghaidh na tréimhse bliantúla i gcomhréir le mír 1 den phointe seo, faoi réir líon leordhóthanach iascairí atá incháilithe i gcomhréir leis an bPrótacal seo:

   – 10 i gcás cabhlach iomlán na mbád saighne tuinníní;

   – 3 i gcás cabhlach iomlán na mbád spiléireachta dromchla.

3. Na hiascairí atá le tabhairt ar bord de bhun mhír 1 den phointe seo, comhlíonfaidh siad ceanglais reachtaíocht an Stáit brataí lena dtrasuitear Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle[3], lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an bpas, an leabhar mairnéalaigh, an deimhniú leighis, an leabhar vacsaínithe idirnáisiúnta agus deimhniú na bunoiliúna. Cuirfidh an Stát brataí liosta de na ceanglais a eascraíonn as an reachtaíocht sin in iúl d'údaráis São Tomé agus Príncipe luath go leor roimh ré. Na hiascairí atá le tabhairt ar bord i gcomhréir le mír 1 den phointe seo, beidh siad in ann an teanga oibre atá bunaithe ar bord an tsoithigh de chuid an Aontais a thuiscint, orduithe agus treoracha a thabhairt agus tuairisciú sa teanga sin.

4. Chun tabhairt ar bord iascairí São Tomé agus Príncipe a éascú, déanfaidh údaráis inniúla São Tomé agus Príncipe liosta de na hiascairí inniúla a tharraingt suas, a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta agus a chur in iúl d'oibreoirí iascaireachta soithí de chuid an Aontais.

5. Déanfaidh an scipéir liosta den chriú a tharraingt suas, a shíniú agus dáta a chur leis i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach i gCoinbhinsiún IMO maidir le hÉascú Muirthráchta Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún FAL), agus tarchuirfidh sé cóip den liosta sin

[3] Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú i dtaca le cur chun feidhme Choinbhinsiún 2007 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair san Iascaireacht, a tugadh i gcrích an 21 Bealtaine 2012 idir an Coiste Ginearálta um Chomhar Talmhaíochta san Aontas (COGECA), Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa (ETF) agus Comhlachas Eagraíochtaí Náisiúnta na bhFiontar Iascaireachta san Aontas (Europêche) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE).

chuig údaráis ainmnithe São Tomé agus Príncipe sula bhfágfaidh an soitheach limistéar an chalafoirt.

6. Diúltóidh oibreoir an tsoithigh de chuid an Aontais, nó diúltóidh an scipéir thar a cheann, iascaire de chuid São Tomé agus Príncipe a thabhairt ar bord ar a shoitheach mura gcomhlíonann an t-iascaire sin na ceanglais dá bhforáiltear i mír 3 den phointe seo.

## 2. DÁLAÍ OIBRE

Na dálaí faoina dtabharfar iascairí ACC ar bord, beidh siad i gcomhréir le reachtaíocht an Stáit brataí lena dtrasuitear Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le huaireanta oibre nó uaireanta scíthe, cearta aisdúichithe agus sábháilteacht agus sláinte cheirde.

## 3. COMHAONTÚ FOSTAÍOCHTA AN IASCAIRE

1. I gcás gach iascaire a fhostófar ar bord soithigh de chuid an Aontais i gcomhréir pointe 1, mír 1 den Chaibidil seo, déanfaidh an t-iascaire agus an fostóir araon comhaontú fostaíochta i scríbhinn a chaibidliú agus a shíniú.

2. Beidh an Comhaontú i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht an Stáit brataí lena dtrasuitear Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle (Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir).

## 4. LUACH SAOTHAIR NA N-IASCAIRÍ

1. Iompróidh oibreoir an tsoithigh na costais a bhaineann leis an luach saothair nó le saothar breise go díreach, nó, i gcás inar seirbhís phríobháideach sa mhargadh saothair é fostóir an iascaire, iompróidh sé go hindíreach iad.

2. Ní mór luach saothair míosúil nó tráthrialta ráthaithe a íoc le hiascairí ACC, trí aistriú bainc más féidir, gan beann ar ghabhálacha iarbhír agus/nó díolacháin éisc. Déanfar é a chinneadh de chomhthoil idir oibreoirí na soithí nó a ngníomhairí agus na hiascairí muirí agus/nó a gceardchumainn nó a n-ionadaithe. I gcás nár tugadh comhaontuithe cómhargála i gcrích, ní bheidh na coinníollacha luacha saothair a dheonaítear d'iascairí ACC níos ísle ná na coinníollacha a chuirtear i bhfeidhm maidir le hiascairí óna dtír ACC féin agus, in imthosca ar bith, ní bheidh siad níos ísle ná na coinníollacha sin a chinnfidh an Fochoiste um Thuarastail Maraithe de Choimisiún Comhpháirteach Muirí EIS, in éagmais caighdeán den sórt sin d'iascairí, arb é is aidhm dó líontán sábhála idirnáisiúnta a bhunú chun obair chuibhiúil na n-iascairí a chosaint agus rannchuidiú leis sin a áirithiú.

3. Costais a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le híocaíochtaí a gheofar, ní bheidh ar iascairí iad a iompar. Tabharfar caoi d'iascairí chun na híocaíochtaí uile a gheofar, nó cuid díobh, lena n-áirítear réamhíocaíochtaí, a sheoladh chuig a dteaghlach saor in aisce.

4. Ní mór duillín pá a thabhairt don iascaire maidir le gach íocaíocht dá luach saothair agus, má iarrann sé amhlaidh, cruthúnas gur íocadh an tuarastal.

## 5. SLÁNDÁIL SHÓISIALTA

Áiritheoidh São Tomé agus Príncipe go mbeidh iascairí muirí a bhfuil gnáthchónaí orthu ar a críoch maille lena gcuid cleithiúnaithe, a mhéid dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta, i dteideal cosaint shóisialta faoi choinníollacha atá chomh fabhrach céanna

leis na coinníollacha is infheidhme maidir le hoibrithe eile, go háirithe oibrithe, a bhfuil gnáthchónaí orthu ar a críoch.

## 6. SEIRBHÍSÍ PRÍOBHÁIDEACHA MHARGADH AN TSAOTHAIR

1. Ciallaíonn seirbhísí príobháideacha de chuid mhargadh an tsaothair an méid seo a leanas:

(a) seirbhís earcaíochta agus socrúcháin, i.e. aon duine, cuideachta, institiúid, gníomhaireacht nó eagraíocht eile de chuid na hearnála poiblí nó príobháidí atá i mbun iascairí a earcú nó a shuíomh thar ceann oibreoirí;

(b) gníomhaireacht phríobháideach fostaíochta, i.e. aon duine, aon chuideachta, aon institiúid, aon ghníomhaireacht nó aon eagraíocht eile de chuid na hearnála príobháidí a dhéanann gníomhaíochtaí a bhaineann le fostú nó le hearcú iascairí d'fhonn iad a chur ar fáil d'oibreoirí a shannann cúraimí dóibh agus a dhéanann maoirseacht ar chomhlíonadh na gcúraimí sin.

2. Áiritheoidh údaráis inniúla São Tomé agus Príncipe an méid seo a leanas maidir le gníomhairí São Tomé agus Príncipe a sholáthraíonn seirbhísí príobháideacha sa mhargadh saothair d'iascairí agus d'oibreoirí soithí de chuid an Aontais araon:

(a) ní bhainfidh siad úsáid as modhanna, sásraí ná liostaí arb é is aidhm dóibh iascairí a chosc fostaíocht a fháil nó an méid sin a dhíspreagadh;

(b) ní ghearrfaidh siad táillí ná costais eile ar iascairí, in airgead tirim ná i gcomhchineál, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, as na seirbhísí de chuid mhargadh an tsaothair a sholáthraíonn siad;

(c) ní dheonóidh siad iasachtaí agus ní sholáthróidh siad earraí ná seirbhísí don iascaire a mbeidh ar an iascaire sin iad a aisíoc nó íoc astu;

(d) ní bhainfidh siad amach as luach saothair an iascaire íocaíocht nó aisíocaíocht as iasachtaí, earraí nó seirbhísí a soláthraíodh sular fostaíodh an t-iascaire; agus

(e) áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

– go gcomhlíonfaidh comhaontú fostaíochta an iascaire an Chaibidil seo, na dlíthe, na rialacháin agus na comhaontuithe cómhargála lena rialaítear comhaontú fostaíochta an iascaire;

– go ndéanfar comhaontú fostaíochta an iascaire a scríobh i dteanga a thuigeann an t-iascaire agus i dteanga oifigiúil nó oibre an tsoithigh de chuid an Aontais lena mbaineann;

– go gcuirfear na hiascairí a fhostaítear ar an eolas, sula síneofar a gcomhaontú fostaíochta, faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí;

– go ndéanfar na bearta is gá lenar féidir le hiascairí a fhostaítear scrúdú a dhéanamh ar théarmaí a gcomhaontaithe fostaíochta agus comhairle a lorg ina leith sula síníonn siad é;

– go bhfaighidh iascairí a fhostaítear cóip shínithe dá gcomhaontú fostaíochta;

– go gcomhlíonfaidh iascairí a n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo; agus

– faigheann oibreoir an tsoithigh de chuid an Aontais in am trátha cóip de gach duillín pá agus cruthúnas ar íocaíocht i gcás gach réiteach luacha saothair má íocann an gníomhaire an luach saothair.

3. Áiritheoidh údaráis inniúla São Tomé agus Príncipe go síneoidh gníomhairí ó São Tomé agus Príncipe a fhostaíonn iascairí chun iad a phostú ar bord soithí de chuid an Aontais comhaontuithe fostaíochta leis na hiascairí sin ina léireofar go soiléir go bhfuil an t-iascaire lena mbaineann fostaithe ag an ngníomhaire chun é a chur ar fáil d'oibreoirí soithí de chuid an Aontais a shannann cúraimí dó agus a dhéanann maoirseacht ar fheidhmiú na gcúraimí sin.

4. De mhaolú ar phointe 6, mír 2(b) den Chaibidil seo, is ar an iascaire nó ar dhuine nó eagraíocht eile arna gcinneadh leis an reachtaíocht is infheidhme, le comhaontú fostaíochta an iascaire nó le comhaontú cómhargála, i gcás inarb infheidhme, a bheidh na costais a bhaineann le leabhar mairnéalaigh, teastas leighis agus pas a fháil. Is é an fostóir a iompróidh na costais a bhaineann le víosa agus cead oibre a fháil, i gcás inarb infheidhme.

**7. COMHLÍONADH NA CAIBIDLE SEO**

1. Áiritheoidh údaráis inniúla na bPáirtithe go mbeidh an reachtaíocht is infheidhme maidir le hiascairí inrochtana go héasca agus saor in aisce i bhfoirm chuimsitheach thrédhearcach.

2. Áiritheoidh údaráis inniúla São Tomé agus Príncipe cur chun feidhme cuí na Caibidle seo i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí idirnáisiúnta agus i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chaibidil seo.

3. Áiritheoidh údaráis an Stáit brataí go gcuirfear pointí 1 go 3 den Chaibidil seo i bhfeidhm go cuí ar bord soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu. Feidhmeoidh siad a bhfreagracht i gcomhréir le Treoracha EIS maidir le hiniúchadh an Stáit brataí ar dhálaí maireachtála agus oibre ar bord soithí iascaireachta.

4. Mura mbaintear amach an líon iascairí de chuid São Tomé agus Príncipe is gá mar a shainmhínítear i bpointe 1, mír 2 den Chaibidil seo, íocfaidh oibreoirí na soithí nach dtógtar aon iascaire de chuid São Tomé ná Príncipe ar bord orthu méid ar ráta comhréidh, arna ríomh in aghaidh an tsoithigh mar a leanas:

   EUR 25 x (an líon iascairí nár tugadh ar bord sa chatagóir) / (an líon soithí nár tugadh iascaire arna údarú ar bord sa chatagóir) x an líon laethanta a bhfuil an soitheach sin i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe le linn na tréimhse bliantúla.

5. Comhaontóidh na páirtithe méideanna na bpionós roimh an 1 Aibreán maidir le gníomhaíochtaí soithí le linn na bliana roimhe sin. Úsáidfidh São Tomé agus Príncipe na pionóis a íocfar chun oiliúint a chur ar iascairí d'fhonn earcú na n-iascairí a spreagadh.

6. Déanfaidh údaráis an Aontais na laethanta a bheidh báid saighne tuinníní agus báid spiléireachta dromchla sa limistéar iascaireachta a ríomh ar bhonn sonraí VMS a sholáthróidh São Tomé agus Príncipe nó an Stát brataí roimh an 15 Márta le haghaidh na tréimhse bliantúla roimhe sin. I gcás neamhréireacht a d'ardaigh Stát brataí nó São Tomé agus Príncipe ar bhonn sonraí VMS arna soláthar ag LFI São Tomé agus Príncipe, soláthróidh LFI na bPáirtithe lena mbaineann do na soithí lena mbaineann na dátaí agus na hamanna a théann siad isteach sa limistéar iascaireachta a shainítear sa Phrótacal seo agus a n-imíonn siad as chun ráiteas de chomhthoil a sholáthar d'údaráis an Aontais.

7. Beidh oibreoir díolmhaithe ón íocaíocht dá bhforáiltear i mír 4 den phointe seo mura mbeidh maraí tugtha ar bord aige:

— de bhun phointe 1, mír 6 den Chaibidil seo;
— má thagann an t-iascaire a bhfuil comhaontú fostaíochta sínithe aige de bhun phointe 3 den chomhaontú seo i láthair an scipéara an dáta agus ag an am a shonraítear ina chomhaontú fostaíochta;
— murar sholáthair údaráis São Tomé agus Príncipe an liosta dá bhforáiltear i bpointe 1, mír 4 den Chaibidil seo don oibreoir sin nó dá ionadaí,
— mura bhfuil líon leordhóthanach iascairí sa liosta atá le tabhairt ar bord i bhfianaise na n-oibleagáidí a leagtar síos i bpointe 1, mír 2 den Chaibidil seo.

8. Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú tráthrialta ar thabhairt ar bord iascairí São Tomé agus Príncipe.

## CAIBIDIL VI

## BREATHNÓIRÍ

### 1. BREATHNÓIREACHT AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA

Go dtí go gcuirfear córas breathnóirí réigiúnacha chun feidhme, na soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe faoin gComhaontú, tabharfaidh siad ar bord, in ionad breathnóirí réigiúnacha, breathnóirí arna n-ainmniú ag São Tomé agus Príncipe i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Chaibidil seo.

### 2. SOITHÍ AGUS BREATHNÓIRÍ AINMNITHE

Soithí de chuid an Aontais a oibríonn faoin bPrótacal seo in uiscí São Tomé agus Príncipe, tabharfaidh siad breathnóirí arna n-ainmniú ag Aireacht Iascaigh São Tomé agus Príncipe ar bord faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) arna iarraidh sin d'údaráis São Tomé agus Príncipe, tabharfaidh soithí de chuid an Aontais breathnóir arna ainmniú acu ar bord, a mbeidh sé de chúram air gabhálacha a dhéantar in uiscí São Tomé agus Príncipe a fhíorú;

(b) tarraingeoidh údaráis São Tomé agus Príncipe liosta suas de shoithí arna n-ainmniú chun breathnóir a thabhairt ar bord mar aon le liosta de na breathnóirí arna n-ainmniú le tabhairt ar bord. Coimeádfar na liostaí sin cothrom le dáta. Cuirfear ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach iad a luaithe a tharraingeofar suas iad agus gach trí (3) mhí ina dhiaidh sin, de réir mar a bheidh siad tugtha cothrom le dáta.

(c) cuirfidh údaráis São Tomé agus Príncipe an tAontas agus na hoibreoirí lena mbaineann ar an eolas, trí ríomhphost más féidir, faoi ainm an bhreathnóra a bheidh ainmnithe lena chur ar bord an tsoithigh tráth a eiseofar an t-údarú iascaireachta, nó tráth nach déanaí ná cúig lá déag (15) roimh an dáta tabhairt ar bord atá beartaithe ag an mbreathnóir;

(d) aon turas iascaireachta amháin a bheidh san am a chaithfidh an breathnóir ar bord. Arna iarraidh go sainráite d'údaráis São Tomé agus Príncipe, áfach, féadfar roinnt turas a chumhdach faoin mbordáil sin, ag brath ar mheánfhad na dturas a bheartaítear le haghaidh soitheach ar leith. Déanfaidh an t-údarás inniúil an iarraidh sin nuair a thabharfar an fógra faoi ainm an bhreathnóra arna ainmniú chun dul ar bord an tsoithigh ábhartha.

## 3. COINNÍOLLACHA MAIDIR LE TABHAIRT AR BORD AGUS TABHAIRT I DTÍR

1. Déanfar coinníollacha maidir le tabhairt ar bord an bhreathnóra a shainiú trí chomhaontú frithpháirteach idir an t-oibreoir nó a ionadaí agus an t-údarás inniúil.

2. Tabharfar an breathnóir ar bord agus tabharfar i dtír é sa chalafort a roghnóidh an t-oibreoir. Déanfar an tabhairt ar bord ag tús an chéad turais in uiscí iascaireachta São Tomé agus Príncipe tar éis fógra a thabhairt maidir leis an liosta de na soithí ainmnithe.

3. Cuirfidh na hoibreoirí lena mbaineann in iúl, laistigh de dhá (2) sheachtain agus le fógra deich (10) lá, na dátaí a thabharfar ar bord na breathnóirí agus a thabharfar i dtír iad, agus calafoirt an fho-réigiúin ina ndéanfar sin.

4. I gcás ina dtugtar an breathnóir ar bord i dtír seachas São Tomé agus Príncipe, is é an t-oibreoir a íocfaidh costais taistil an bhreathnóra. Má fhágann soitheach a bhfuil breathnóir ar bord aige limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, ní mór gach beart a dhéanamh chun aisdúichiú an bhreathnóra a áirithiú a luaithe is féidir, ar chostas an oibreora.

5. I gcás neamhláithreacht an bhreathnóra ag an am agus ag an áit a chomhaontaítear agus mura bhfuil sé i láthair le linn na dhá uair déag an chloig (12) tar éis an ama a chomhaontaítear, saorfar an t-oibreoir go huathoibríoch óna oibleagáid an breathnóir sin a thabhairt ar bord.

6. Déanfaidh an captaen gach beart laistigh dá réimse freagrachta chun sábháilteacht fhisiceach agus folláine ghinearálta an bhreathnóra a áirithiú agus a chuid dhualgas á gcomhlíonadh aige.

7. Beidh gach saoráid is gá ar fáil don bhreathnóir ionas gur féidir leis a dhualgais a chomhlíonadh. Tabharfaidh an captaen rochtain dó ar na modhanna cumarsáide is gá chun a chuid cúraimí a dhéanamh, ar dhoiciméid a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh, lena n-áirítear an logleabhar iascaireachta agus an loga loingseoireachta, go háirithe, agus ar Pháirtithe an tsoithigh is gá chun comhlíonadh a chuid cúraimí a éascú.

8. Cuirfidh an t-oibreoir cóiríocht agus bia ar fáil do bhreathnóirí ar a chostas féin faoi na coinníollacha a thugtar d'oifigigh, i gcomhréir le féidearthachtaí praiticiúla an tsoithigh.

9. Is é São Tomé agus Príncipe a sheasfaidh tuarastal agus ranníocaíochtaí sóisialta an bhreathnóra.

## 4. RANNÍOCAÍOCHT AIRGEADAIS AR RÁTA COMHRÉIDH

Chun ranníocaíocht a dhéanamh leis na costais cur chun feidhme a bhaineann le breathnóirí a shocrú, déanfaidh an t-oibreoir, tráth a íocfar an réamhíocaíocht ar ráta comhréidh, EUR 250 in aghaidh na bliana in aghaidh an tsoithigh a íoc isteach sa chuntas céanna a úsáidtear le haghaidh na réamhíocaíochtaí ar ráta comhréidh.

## 5. CÚRAIMÍ AN BHREATHNÓRA

Is mar oifigigh a dhéileálfar leis na breathnóirí ar bord. I gcás ina n-oibríonn an soitheach de chuid an Aontais in uiscí São Tomé agus Príncipe, déanfaidh an breathnóir na cúraimí seo a leanas:

(a) breathnóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta na soithí;

(b) suíomh na soithí a fhíorú atá ag gabháil d'oibríochtaí iascaireachta;

(c) taifead a dhéanamh ar an trealamh iascaireachta a úsáidtear;

(d) sonraí na ngabhálacha a dhéantar in uiscí iascaireachta São Tomé agus Príncipe atá sa logleabhar iascaireachta a fhíorú;

(e) céatadáin na bhfoghabhálacha a fhíorú agus meastachán a dhéanamh ar chainníocht ábhar muirí aischurtha na speiceas éisc indíolta;

(f) sonraí iascaireachta, lena n-áirítear cainníocht na bpríomhghabhálacha agus na bhfoghabhálacha ar bord, a thuairisciú dá n-údarás inniúil trí gach modh iomchuí.

**6. OIBLEAGÁIDÍ AN BHREATHNÓRA**

Agus iad ar bord, déanfaidh breathnóirí an méid seo a leanas:

(a) gach beart iomchuí chun a áirithiú nach gcuirfear isteach ar na hoibríochtaí iascaireachta ná nach gcuirfear bac orthu de dheasca na gcoinníollacha a bhaineann lena dtabhairt ar bord agus lena láithreacht ar bord an tsoithigh;

(b) na hearraí agus an trealamh ar bord agus rúndacht na ndoiciméad uile a bhaineann leis an soitheach sin a urramú;

(c) ag deireadh na tréimhse breathnóireachta agus sula bhfágfaidh sé an soitheach, tarraingeoidh an breathnóir suas tuarascáil ar ghníomhaíochtaí a bheidh le tarchur chuig na húdaráis inniúla São Tomé agus Príncipe, agus cóip di chuig an gCoimisiún Eorpach. Síneoidh an breathnóir í i láthair an chaptaein, agus féadfaidh an captaen aon bharúil a mheastar a bheith ábhartha a chur léi, nó a chur faoi deara iad a chur léi, agus síniú an chaptaein a chur léi ina dhiaidh sin. Tabharfar cóip den tuarascáil don chaptaein le linn thabhairt i dtír an bhreathnóra.

## CAIBIDIL VII

## SÁRUITHE

**1. LÁIMHSEÁIL SÁRUITHE**

Aon sárú a dhéanfaidh soitheach de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta aige i gcomhréir le forálacha na hIarscríbhinne seo, beidh sé ina ábhar do thuarascáil díotála a tharchuirfear chuig an Aontas agus chuig an Stát brataí a luaithe is féidir.

**2. COINNEÁIL AN TSOITHIGH/ATREORÚ – CRUINNIÚ FAISNÉISE**

1. Má dhéantar foráil i reachtaíocht São Tomé agus Príncipe maidir leis an sárú a ndearnadh gearán ina leith, féadfar a cheangal ar aon soitheach de chuid an Aontais a rinne sárú scor dá ghníomhaíocht iascaireachta agus, i gcás ina mbeidh an soitheach ar muir, filleadh ar chalafort de chuid São Tomé agus Príncipe.

2. Tabharfaidh São Tomé agus Príncipe fógra don Aontas laistigh de cheithre uair is fiche (24) ar a mhéad faoi shoitheach de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta aige a choinneáil. Beidh fianaise dhoiciméadach ar an sárú a ndearnadh gearán ina leith ag gabháil leis an bhfógra sin.

3. Sula ndéanfaidh sé aon bheart in aghaidh an tsoithigh, an Mháistir, an chriú nó an lastais, cé is moite de bhearta arb é is aidhm dóibh fianaise a chosaint, eagróidh São Tomé agus Príncipe, arna iarraidh sin don Aontas, laistigh de lá oibre amháin (1) tar éis fógra a thabhairt faoi choinneáil an tsoithigh, cruinniú faisnéise chun na fíorais a shoiléiriú as ar eascair coinneáil an tsoithigh agus chun míniú a thabhairt ar an

ngníomhaíocht bhreise a d'fhéadfaí a dhéanamh. Féadfaidh ionadaí Stát brataí an tsoithigh a bheith i láthair ag an gcruinniú faisnéise sin.

## 3. PIONÓS MAR GHEALL AR SHÁRÚ – NÓS IMEACHTA UM RÉITEACH

1. Socróidh São Tomé agus Príncipe an pionós as an sárú a thuairiscítear i gcomhréir le reachtaíocht São Tomé agus Príncipe.

2. I gcás ina mbainfidh imeachtaí breithiúnacha le réiteach an tsáraithe agus ar choinníoll nach mbaineann gníomh coiriúil leis an sárú, tionscnófar nós imeachta um réiteach idir São Tomé agus Príncipe agus an tAontas chun téarmaí agus leibhéal an phionóis a chinneadh. Féadfaidh ionadaithe an Stáit brataí agus ionadaithe de chuid an Aontais a bheith rannpháirteach sa nós imeachta sin um réiteach. Tiocfaidh deireadh leis an nós imeachta um réiteach trí lá (3) ar a dhéanaí tar éis fógra a thabhairt faoi choinneáil an tsoithigh.

## 4. IMEACHTAÍ BREITHIÚNACHA – URRÚS BAINC

1. Má theipeann ar an nós imeachta um réiteach agus má thugtar an sárú os comhair na cúirte, déanfaidh an t-oibreoir soithigh de chuid an Aontais a rinne an sárú urrús bainc a thaisceadh i mbanc arna ainmniú ag São Tomé agus Príncipe, agus cumhdófar le méid an urrúis, arna socrú ag São Tomé agus Príncipe, na costais a bhaineann leis an soitheach a choinneáil, an fhíneáil mheasta agus aon chúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann. Coinneofar an t-urrús bainc in eascró go dtí go dtabharfar na himeachtaí breithiúnacha i gcrích.

2. Scaoilfear an t-urrús bainc agus tabharfar ar ais don oibreoir é láithreach tar éis thabhairt an bhreithiúnais:

(a) ina iomláine, murar gearradh aon phionós;

(b) tabharfar ar ais méid an fhuílligh atá fágtha, más fíneáil atá sa phionós ar lú í ná méid an urrúis bainc.

3. Cuirfidh São Tomé agus Príncipe an tAontas ar an eolas faoi thoradh na n-imeachtaí breithiúnacha laistigh de sheacht (7) lá tar éis thabhairt an bhreithiúnais.

## 5. SCAOILEADH AN TSOITHIGH AGUS AN CHRIÚ

Údarófar don soitheach agus dá chriú an calafort a fhágáil a luaithe a réiteofar an pionós arna eascairt as an nós imeachta um réiteach, nó a luaithe a thaiscfear an t-urrús bainc.

## FOSCRÍBHINNÍ

| | |
|---|---|
| Foscríbhinn 1 | Comhordanáidí an limistéir saothraithe chomhpháirtigh idir São Tomé agus Príncipe agus an Nigéir |
| Foscríbhinn 2 | Sonraí teagmhála |
| Foscríbhinn 3 | An fhaisnéis atá le soláthar le haghaidh údarú soithigh de chuid an Aontais |
| Foscríbhinn 4 | Bileog sonraí |
| Foscríbhinn 5 | Ceanglais theicniúla maidir le cur chun feidhme an chórais um fhaireachán soithí (VMS) agus an chórais um chlárú gníomhaíochtaí iascaireachta (ERS) |
| Foscríbhinn 6 | Próiseáil sonraí pearsanta |
| Foscríbhinn 7 | Aisghabháil cistí a íocadh go mícheart |

**Foscríbhinn 1**
**Comhordanáidí an limistéir saothraithe chomhpháirtigh idir São Tomé agus Príncipe agus an Nigéir.**

| Domhanleithead | Domhanfhad |
|---|---|
| (Céimeanna, nóiméid, soicindí) | |
| 03 02 22 T | 07 07 31 O |
| 02 50 00 T | 07 25 52 O |
| 02 42 38 T | 07 36 25 O |
| 02 20 59 T | 06 52 45 O |
| 01 40 12 T | 05 57 54 O |
| 01 09 17 T | 04 51 38 O |
| 01 13 15 T | 04 41 27 O |
| 01 21 29 T | 04 24 14 O |
| 01 31 39 T | 04 06 55 O |
| 01 42 50 T | 03 50 23 O |
| 01 55 18 T | 03 34 33 O |
| 01 58 53 T | 03 53 40 O |
| 02 02 59 T | 04 15 11 O |
| 02 05 10 T | 04 24 56 O |
| 02 10 44 T | 04 47 58 O |
| 02 15 53 T | 05 06 03 O |
| 02 19 30 T | 05 17 11 O |
| 02 22 49 T | 05 26 57 O |
| 02 26 21 T | 05 36 20 O |
| 02 30 08 T | 05 45 22 O |
| 02 33 37 T | 05 52 58 O |
| 02 36 38 T | 05 59 00 O |
| 02 45 18 T | 06 15 57 O |
| 02 50 18 T | 06 26 41 O |
| 02 51 29 T | 06 29 27 O |
| 02 52 23 T | 06 31 46 O |
| 02 54 46 T | 06 38 07 O |
| 03 00 24 T | 06 56 58 O |
| 03 01 19 T | 07 01 07 O |
| 03 01 27 T | 07 01 46 O |
| 03 01 44 T | 07 03 07 O |
| 03 02 22 T | 07 07 31 O |

**Foscríbhinn 2 Sonraí teagmhála le haghaidh na cumarsáide dá bhforáiltear sa Phrótacal seo**

I gcás an Aontais:

Údaruithe iascaireachta:

Iarratas LICENCE: https://webgate.ec.europa.eu/licence

MARE-LICENCES@ec.europa.eu

Gabhálacha comhiomlánaithe:

MARE-CATCHES@ec.europa.eu

Deasc Chabhrach UN/FLUX: MARE-FISH-IT-SUPPORT@ec.europa.eu

I gcás São Tomé agus Príncipe: le cur in iúl roimh chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail

**Foscríbhinn 3 Iarratas ar údarú iascaireachta le haghaidh limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe**

An fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis an iarratasóir, úinéir an tsoithigh, aitheantas an tsoithigh, na sonraí teicniúla a ghabhann leis agus an tréimhse lena mbaineann, ní mór í a sholáthar, mura sonraítear a mhalairt.

Catagóir iascaireachta
Ainm an iarratasóra
Uimh. theileafóin an iarratasóra
Ríomhphost an iarratasóra:
Ainm úinéir an tsoithigh
Baile, cód poist agus tír chónaithe úinéir an tsoithigh:
Ainm an phríomhúinéra thairbhiúil nó ainm suas le cúigear príomhúinéirí tairbhiúla ar a mhéad de chuid an tsoithigh
Baile, cód poist agus tír chónaithe an phríomhúinéra thairbhiúil nó ainm suas le cúigear príomhúinéirí tairbhiúla ar a mhéad de chuid an tsoithigh:
Ainm an chaptaein
Náisiúntacht an chaptaein:
Ríomhphost an tsoithigh:
Ainm agus seoladh an ghníomhaire áitiúil
Ainm an tsoithigh
Stát brataí
Calafort clárúcháin
IRCS
Marcáil sheachtrach
Uimhir aitheantais na seirbhíse muirí soghluaiste
Uimh. IMO
Uimh. CICTA
Dáta clárúcháin na brataí reatha
Bratach roimhe (más infheidhme)
Áit tógála

Dáta tógála
Minicíocht glao raidió
Uimhir teileafóin satailíte
Fad foriomlán (méadair):
Tonnáiste (arna shloinneadh in GT Londan):
Cineál innill
Cumhacht an innill (in kW)
Líon chomhaltaí an chriú
Modh leasaithe ar bord
Acmhainneacht phróiseála in aghaidh an lae (24u) i dtonaí
Líon bolg éisc
Toilleadh iomlán na mbolg éisc (in m3):
VMS monaróir
VMS cineál
VMS sraithuimhir
VMS leagan bogearraí
Oibreoir satailíte
Trealamh iascaireachta údaraithe:
Áit thabhairt i dtír na ngabhálacha
Dáta tosaigh an údaraithe arna iarraidh
Dáta deiridh an údaraithe arna iarraidh
Spriocspeicis (cóid FAO)

Iarratas ar údarú maidir le próiseáil ar bord: dí-inniú/baint pháirteach eití siorca atá údaraithe/eile atá le sonrú

**Foscríbhinn 4**
**Bileog sonraí**
**Báid saighne tuinníní agus báid spiléireachta dromchla**

## SPEICIS ATÁ FAOI THOIRMEASC

I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Speicis Mhórimirceacha agus leis na rúin ó CICTA, tá toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar roc na caille (*Manta birostris*), an liamhán gréine (*Cetorhinus maximus*), an siorc bán mór (*Carcharodon carcharias*), an siorc súisteála mórshúileach (*Alopias superciliosus*), siorcanna sa bhfine Sphyrnidae (seachas an siorc ceann casúir), an siorc bán aigéanach (*Carcharhinus longimanus*) agus an síodsiorc (*Carcharhinus falciformis*). Thairis sin, tá toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar an míolsiorc (*Rhincodon typus*).

I gcomhréir le dlí an Aontais (Rialachán (CE) Uimh. 1185/2003 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003), tá toirmeasc ar eití siorca a bhaint ar bord soithí, agus eití siorcanna a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír. Gan dochar don mhéid sin thuas, féadfar eití siorca a pháirtsliseadh agus iad a fhilleadh siar ar an gconablach chun an stóráil ar bord a éascú, ach ní fhéadfar iad a bhaint den chonablach sula dtugtar í dtír iad.

I gcomhréir le moltaí CICTA, déanfaidh na Páirtithe gach iarracht tionchar gníomhaíochtaí iascaireachta ar thurtair agus ar éin mhara, de bharr timpiste, a laghdú trí bhearta a chur chun feidhme chun an deis is fearr is féidir a thabhairt do thurtair aonair agus d’éin mhara teacht slán, ar turtair agus éin mhara iad a ghabhtar trí thimpiste.

## BÁID SAIGHDE TUINNÍNÍ

Trealamh údaraithe: saighean;
Spriocspeicis: an tuinnín buí (*Thunnus albacares*), an tuinnín mórshúileach (*Thunnus obesus*), an tuinnín aigéanach (*Katsuwonus pelamis*).
Foghabhálacha: comhlíonadh mholtaí CICTA agus FAO.

## BÁID SPILÉIREACHTA DROMCHLA

Trealamh údaraithe: bád spiléireachta dromchla.
Spriocspeicis: an colgán (*Xiphias gladius*), an siorc gorm (*Prionace glauca*), an tuinnín buí (*Thunnus albacares*), an tuinnín mórshúileach (*Thunnus obesus*).
Foghabhálacha: comhlíonadh mholtaí CICTA agus FAO.
Údarú le haghaidh trasfhoirmiú ar bord atá le hiarraidh agus iarratas á dhéanamh ar údarú (féach an liosta i bhFoscríbhinn 3).

**Muirir oibreoirí – an líon soithí**

| | |
|---|---|
| Muirear breise in aghaidh an tona a ghabhtar | EUR 85 in aghaidh an tona le haghaidh thréimhse iomlán an Phrótacail |
| Muirear bliantúil ar ráta comhréidh | I gcás báid saighne tuinníní: EUR 11 050 – 130 t<br>I gcás báid spiléireachta dromchla: EUR 3 995 – 47 t |
| Muirear ar ráta comhréidh le haghaidh breathnóirí | EUR 250/soitheach in aghaidh na bliana |
| Muirear le haghaidh soitheach tacaíochta | EUR 3500/soitheach in aghaidh na bliana |
| An líon soithí<br>atá údaraithe chun iascaireacht | 26 bhád saighne tuinníní<br>9 mbád spiléireachta dromchla |

**Foscríbhinn 5** Ceanglais theicniúla maidir le cur chun feidhme an chórais um fhaireachán soithí (VMS) agus an chórais um chlárú gníomhaíochtaí iascaireachta (ERS)

**Roinn 1 – Forálacha coiteanna maidir le tarchur sonraí suímh na soithí agus maidir le cur chun feidhme an ERS atá á dhéanamh ag na Páirtithe; leanúnachas na n-oibríochtaí**

Má chuireann mainneachtain theicniúil isteach ar an tarchur idir LFInna na bPáirtithe de shonraí suímh na soithí nó ar tharchur na sonraí maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta (ar a ngairtear 'sonraí ERS' anseo feasta) nó má dhéanann sí difear dó sin, ní mheasfar soithí de chuid an Aontais a ndearna an mhainneachtain sin difear dóibh a bheith neamhchomhlíontach.
Bunóidh na Páirtithe nasc trí úsáid a bhaint as an mbogearraí 'FLUX Transportation Layer' arna soláthar ag an gCoimisiún Eorpach agus cuirfidh siad an fhormáid UN/FLUX chun feidhme.
Áiritheoidh São Tomé agus Príncipe go mbeidh a threalamh leictreonach comhoiriúnach le córas an Aontais.
Cuirfidh na Páirtithe timpeallacht inghlacthachta chun feidhme chun críoch tástála, sula n-úsáidfidh siad an timpeallacht táirgthe. Seolfaidh an tAontas teachtaireachtaí tástála chuig LFI São Tomé agus Príncipe sa timpeallacht inghlacthachta. Nuair a bheidh na tástálacha déanta, tiocfaidh an dá Pháirtí ar chomhaontú maidir leis an dáta óna seolfar sonraí suímh na soithí agus na sonraí ERS go huathoibríoch tríd an mbogearra 'FLUX Transportation Layer' agus san fhormáid UN/FLUX.
Go dtí an dáta sin, seolfar sonraí suímh soithí de chuid an Aontais agus na sonraí ERS trí úsáid a bhaint as na formáidí agus na socruithe atá i bhfeidhm cheana féin tráth theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo.
Malartóidh LFI an Stáit brataí agus São Tomé agus Príncipe mar aon leis an gCoimisiún Eorpach a seoladh ríomhphoist agus cuirfidh siad a chéile ar an eolas gan mhoill faoi aon mhodhnú ar na seoltaí sin.
Cuirfidh LFI an Stáit brataí agus LFI São Tomé agus Príncipe, mar aon leis an gCoimisiún Eorpach, a chéile ar an eolas a luaithe is féidir faoi aon bhriseadh sa chumarsáid uathoibríoch, nó i gcás oibríochtaí cothabhála a mhaireann níos mó ná 48 uair an chloig, déanfaidh siad a ndícheall an chumarsáid uathoibríoch a athbhunú agus tabharfaidh siad fógra don Pháirtí eile go ndearnadh iad a athbhunú. Pléifidh an Comhchoiste le haon díospóid a d'fhéadfadh teacht chun cinn.
Má mhaireann an briseadh níos faide ná 48 uair an chloig, soláthróidh LFI an Stáit brataí na sonraí le ríomhphost idir an dá linn gach 24 uair an chloig, go dtí go gcuirfear tús arís leis an gcumarsáid uathoibríoch. Féadfaidh LFI São Tomé agus Príncipe an malartú sin a iarraidh ar LFI an Stáit brataí má bhaineann an mhífheidhm lena chóras agus má mhaireann an mhífheidhm níos faide ná 48 uair an chloig d'ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh chun í a réiteach.
Ina theannta sin, déanfar sonraí a ndearna an briseadh difear dóibh a sheoladh arís trí úsáid a bhaint as na córais chumarsáide uathoibríocha a luaithe a bheidh siad athbhunaithe.
Cuirfidh údaráis São Tomé agus Príncipe a seirbhísí maoirseachta inniúla ar an eolas ionas nach measfar go bhfuil soithí de chuid an Aontais neamhchomhlíontach mar gheall ar mhainneachtain maidir le sonraí a tharchur.
Áiritheoidh gach Páirtí comhsheasmhacht na sonraí agus áiritheoidh siad go háirithe go ndéanfar scagairí iomchuí a chomhtháthú ina gcórais agus a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí ionas

nach gcuirfear san áireamh ach sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe.

**Roinn 2 – Ceanglais theicniúla maidir le tarchur sonraí VMS**

1. Sonraí maidir le suíomh na soithí — córas um fhaireachán soithí

Áiritheoidh LFI an Stáit brataí go ndéanfar sonraí suímh na soithí a phróiseáil agus a tharchur go huathoibríoch trí úsáid a bhaint as an nasc láraithe arna sholáthar ag an gCoimisiún Eorpach. Clárófar sonraí suímh na soithí ar bhealach slán agus déanfaidh na Páirtithe iad a shábháil ar feadh tréimhse 3 bliana.

Is leis an gcód 'ENT' (NAF) nó 'ENTRY' (UN/FLUX) a shainaithneofar an chéad suíomh a chlárófar tar éis dul isteach i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe. Is leis an gcód 'POS' a shainaithneofar gach suíomh ina dhiaidh sin, cé is moite den chéad suíomh a chlárófar tar éis imeacht as limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, suíomh a shainaithneofar leis an gcód 'EXI' (NAF) nó 'EXIT' (UN/FLUX).

2. Tarchur a dhéanfaidh an soitheach i gcás ina dteipfidh ar ghaireas faireacháin an tsoithigh

Soithí de chuid an Aontais atá ag iascaireacht i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe ag a bhfuil gaireas faireacháin an tsoithigh lochtach, ní mór dóibh a dteachtaireachtaí maidir le suíomh a sheoladh chuig LFI an Stáit brataí le ríomhphost, gach 4 uair an chloig ar a laghad, agus ní mór dóibh an fhaisnéis éigeantach uile a sholáthar. Cuirfidh LFI an Stáit brataí LFI São Tomé agus Príncipe ar an eolas faoin athrú sin. Déanfar na sonraí suímh a tharchur ansin ag an minicíocht sin.

Cuirfidh LFI São Tomé agus Príncipe LFI an stáit brataí agus an tAontas ar aon eolas faoi aon bhriseadh ar theachtaireachtaí maidir le suíomh a fháil ó shoitheach a bhfuil údarú iascaireachta aige, i gcás nár thug an soitheach lena mbaineann fógra faoi imeacht as limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe.

Struchtúr teachtaireachta i bhformáid NAF lena gcuirtear sonraí suímh an tsoithigh in iúl do São Tomé agus Príncipe

| Sonra | Cód | Éigeantach (É) / Roghnach (R) | Ábhar |
|---|---|---|---|
| Tús an chlárúcháin | SR | É | Mionsonra a bhaineann leis an gcóras lena gcuirtear tús an chlárúcháin in iúl |
| Seolaí | AD | É | Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Seolaí Cód 3-alfa na tíre (ISO-3166) |
| Seoltóir | FR | É | Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Seoltóir Cód 3-alfa na tíre (ISO-3166) |
| Stát brataí | FS | É | Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Bratach an Stáit Cód 3-alfa (ISO-3166) |
| Cineál teachtaireachta | TM | É | Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Cineál teachtaireachta (ENT, POS, EXI, MAN) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Comhartha aitheantais raidió (IRCS) | RC | É | Mionsonraí a bhaineann leis an soitheach – Comhartha aitheantais raidió idirnáisiúnta an tsoithigh (IRCS) |
| Uimhir thagartha inmheánach an Pháirtithe | IR | R | Mionsonra a bhaineann leis an soitheach – Uimhir uathúil arna sannadh ag an bPáirtí lena sainaithnítear an soitheach |
| Aitheantóir uathúil an tsoithigh (uimhir aitheantais IMO) | IM | É | Sonra a bhaineann leis an soitheach – uimhir aitheantais IMO<br>Éigeantach má tá uimhir den sórt sin ag an soitheach |
| Uimhir chlárúcháin sheachtrach | XR | É | Mionsonra a bhaineann leis an soitheach – Uimhir ar thaobh an tsoithigh (ISO 8859.1) |
| Domhanleithead | LT | É | Mionsonraí maidir le suíomh an tsoithigh – Domhanleithead an tsuímh arna sloinneadh i gcéimeanna deachúla (WGS84) +/-DD.ddd. Uimhreacha deimhneacha i gcás an leathsféir thuaidh; luachanna diúltacha i gcás an leathsféir theas. Níor cheart an comhartha (+) a tharchur. Féadfar na nialais chun tosaigh a fhágáil ar lár. Ní mór an luach a bheith idir -90 agus +90. |
| Domhanfhad | LG | É | Mionsonraí maidir le suíomh an tsoithigh – Domhanfhad an tsuímh arna sloinneadh i gcéimeanna deachúla (WGS84) +/-DDD.ddd. Uimhreacha deimhneacha i gcás an leathsféir thuaidh; luachanna diúltacha i gcás an leathsféir theas. Níor cheart an comhartha (+) a tharchur. Féadfar na nialais chun tosaigh a fhágáil ar lár. Ní mór an luach a bheith idir -180 agus +180. |
| Cúrsa | CO | É | Cúrsa an tsoithigh scála 360 céim |
| Luas | SP | É | Luas an tsoithigh i ndeichithe de mhuirmhílte |
| Dáta | DA | É | Sonra maidir le suíomh an tsoithigh – Dáta chlárú an tsuímh AUL (BBBBMMLL) |
| An t-am | TI | É | Sonraí maidir le suíomh an tsoithigh – Am chlárú an tsuímh AUL (UUMM) |
| Deireadh an chlárúcháin | ER | É | Mionsonra a bhaineann leis an gcóras lena gcuirtear deireadh an chlárúcháin in iúl |

Nuair a chuirfear chun feidhme go héifeachtach an fhormáid nua UN/FLUX agus nuair a dhéanfar tarchur tríd an mbogearra ‘FLUX Transportation Layer’, tarchuirfear sonraí VMS i gcomhréir leis an bhformáid agus leis na próisis a dtugtar tuairisc orthu sa doiciméad cur chun feidhme atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.

SONRAÍ VMS A CHOSAINT

Na sonraí faireachais uile a chuireann Páirtí amháin in iúl don Pháirtí eile i gcomhréir leis na

forálacha seo, úsáidfear iad go heisiach chun na gcríoch seo a leanas:

- faireachán, rialú agus faireachas a dhéanfaidh údaráis São Tomé agus Príncipe ar chabhlach an Aontais a bhíonn ag iascaireacht faoin bPrótacal seo, agus
- staidéir thaighde a dhéanfaidh São Tomé agus Príncipe i gcomhthéacs bainistiú agus pleanáil iascaigh.

5.2. Ní fhéadfar na sonraí sin a chur in iúl do thríú páirtithe in aon imthosca ná ar aon chúis.

**Roinn 3 – Ceanglais theicniúla maidir le cur chun feidhme an chórais um chlárú gníomhaíochtaí iascaireachta agus maidir leis na sonraí ERS a sheoladh**

1. Maidir le captaen soithigh de chuid an Aontais a bhfuil údarú aige a eisíodh faoin bPrótacal seo, ní mór dó an méid seo a leanas a dhéanamh i gcás ina mbeidh sé i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe:

a) gach dul isteach sa limistéar iascaireachta agus imeacht as a chlárú le teachtaireacht shonrach lena léirítear cainníochtaí gach speicis atá á choimeád ar bord ar dhul isteach sa limistéar iascaireachta nó imeacht as, mar aon leis an dáta, an t-am a rinneadh an dul isteach nó an t-imeacht sin agus an suíomh ag a rinneadh sin. Déanfar an teachtaireacht sin tráth nach déanaí ná 2 uair an chloig roimh an dul isteach nó an t-imeacht a tharchur chuig LFI São Tomé agus Príncipe, trí bhíthin ERS nó trí mhodhanna cumarsáide eile;

b) suíomh an tsoithigh ag meán lae a chlárú go laethúil i gcás nach ndearnadh aon ghníomhaíocht iascaireachta;

c) na nithe seo a leanas a chlárú i gcás gach oibríochta iascaireachta a dhéantar: suíomh na hoibríochta sin, an cineál trealaimh agus cainníochtaí de gach speiceas a ghabhtar, agus idirdhealú á dhéanamh idir gabhálacha a choimeádtar ar bord agus gabhálacha a aischuirtear. Déanfar gach speiceas a shainaithint lena chód alfa 3 FAO; déanfar na cainníochtaí a shloinneadh i gcileagraim de choibhéis bheomheáchain agus, i gcás inar gá, i líon na n-aonán;

d) na sonraí a chláraítear sa logleabhar iascaireachta leictreonach a tharchur ar bhonn laethúil chuig a Stát brataí, tráth nach déanaí ná 24:00; déanfar an tarchur sin i gcás gach lae a chaithfear i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, lena n-áirítear in éagmais gabhála. Déanfar é freisin sula n-imeofar as an limistéar iascaireachta.

2. Cuirfidh LFI an Stáit brataí na sonraí ERS ar fáil do LFI São Tomé agus Príncipe. Déanfaidh LFI an Stáit brataí teachtaireachtaí meandracha (fógra maidir le dul isteach sa limistéar, fógra maidir le himeacht as an limistéar, fógra maidir le teacht isteach i gcalafort) de chuid an ERS a tharchur go huathoibríoch agus gan mhoill chuig LFI São Tomé agus Príncipe. Déanfaidh sé teachtaireachtaí eile de chuid an ERS a thagann ón soitheach a tharchur go huathoibríoch uair amháin sa lá.

3. Go dtí deireadh na gcéimeanna tástála dá bhforáiltear i Roinn 1:

déanfar na sonraí a iompar trí DEH (mórbhealach malartaithe sonraí) san fhormáid EU-ERS (v 3.1)[4].

- déanfar fógraí faoi thrasloingsiú le ríomhphost chuig údarás inniúil São Tomé agus Príncipe

- ní tharchuirtear go huathoibríoch gan mhoill ach teachtaireachtaí meandracha (‘Fógra maidir le dul isteach sa limistéar’ – EOC, ‘fógra maidir le himeacht as an limistéar’ – COX, ‘fógra maidir le teacht isteach i gcalafort’ – PNO). Cuirfear na cineálacha eile teachtaireachtaí ar fáil le haghaidh iarraidh uathoibríoch ó LFI São Tomé agus Príncipe.

4. Nuair a chuirfear chun feidhme go héifeachtach an fhormáid nua UN/FLUX, agus nuair a dhéanfar tarchur tríd an mbogearra ‘FLUX Transportation Layer’:

- ní bhainfidh an modh cur ar fáil sin arna iarraidh sin ach le hiarratais shonracha ar shonraí stairiúla.

- tarchuirfear na sonraí ERS i gcomhréir leis an bhformáid agus leis na próisis a dtugtar tuairisc orthu sa doiciméad chur chun feidhme atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.

5. Deimhneoidh LFI São Tomé agus Príncipe go bhfuair sé na sonraí meandracha ERS a cuireadh chuige, trí theachtaireacht a sheoladh ar ais lena n-admhaítear go bhfuarthas iad agus lena ndeimhnítear bailíocht na teachtaireachta a fuarthas. Maidir le malartú sonraí ERS trí DEH, ní tharchuirfear aon admháil fála maidir leis na sonraí a fhaigheann LFI São Tomé agus Príncipe mar fhreagra ar iarratas a chuir sé féin isteach.

6. I gcás ina gcuireann mainneachtain theicniúil isteach ar an tarchur idir an soitheach agus LFI an Stáit brataí, tabharfaidh LFI an Stáit brataí fógra faoi sin gan mhoill do chaptaen nó oibreoir an tsoithigh nó, dá n-ionadaí/n-ionadaithe. Tar éis do chaptaen an tsoithigh an fógra sin a fháil, déanfaidh sé na sonraí atá ar iarraidh a tharchur chuig údaráis inniúla an Stáit brataí trí aon mhodh teileachumarsáide iomchuí gach lá, tráth nach déanaí ná 24:00.

7. I gcás ina dteipfidh ar an gcóras leictreonach tarchurtha atá suiteáilte ar bord an tsoithigh, áiritheoidh captaen nó oibreoir an tsoithigh go ndéantar an ERS a dheisiú nó a ionadú laistigh de 10 lá ón uair a bhraitear an mhífheidhm. A luaithe a bheidh an sprioc-am sin istigh, ní bheidh an soitheach údaraithe a thuilleadh iascaireacht a dhéanamh sa limistéar iascaireachta agus ní mór dó é a fhágáil nó cuairt a thabhairt ar chalafort de chuid São Tomé agus Príncipe laistigh de 24 uair an chloig. Ní bheidh an soitheach údaraithe an calafort sin a fhágáil ná filleadh ar an limistéar iascaireachta go dtí go suífidh LFI an Stáit brataí go bhfuil an ERS ag feidhmiú i gceart arís.

---

[4] Doiciméadacht theicniúil ar shuíomh gréasáin Europa.eu https://circabc.europa.eu/faces/jsp/extension/wai/navigation/container.jsp

Foscríbhinn 6 Próiseáil sonraí pearsanta

1. Sainmhínithe agus raon feidhme

1.1 Sainmhínithe

Chun críocha na Foscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 den Chomhaontú, in Airteagal 1 den Phrótacal seo agus ag na sainmhínithe seo a leanas:

ciallaíonn 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (dá ngairtear 'ábhar sonraí' anseo feasta); is é is in-sainaitheanta ann duine nádúrtha is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh;

ciallaíonn 'próiseáil' aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó modhnú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

ciallaíonn 'údarás aistrithe' an t-údarás poiblí a sheolann sonraí pearsanta;

ciallaíonn 'údarás is faighteoir' an t-údarás poiblí dá nochtar na sonraí pearsanta;

ciallaíonn 'sárú i ndáil le sonraí' sárú ar shlándáil as a dtagann díothú, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó go neamhdhleathach;

ciallaíonn 'aistriú ar aghaidh' nuair a aistríonn Páirtí is faighteoir sonraí pearsanta go heintiteas nach Páirtí is sínitheoir sa Phrótacal seo é ('tríú páirtí');

ciallaíonn 'údarás maoirseachta' údarás poiblí neamhspleách atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo, chun cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

1.2 Raon feidhme

Is iad na daoine a mbaineann an Prótacal seo leo, go háirithe, daoine nádúrtha ar leo soithí de chuid an Aontais, a n-ionadaithe, an captaen agus an criú atá ag fónamh ar bord soithí de chuid an Aontais a oibríonn faoin bPrótacal seo.

Maidir le cur chun feidhme an Phrótacail seo, go háirithe maidir le hiarratais ar dheonú, faireachán ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus an comhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí, d'fhéadfaí na sonraí seo a leanas a mhalartú agus a phróiseáil tráth is déanaí:

— sonraí aitheantais agus comhordanáidí an tsoithigh;

— gníomhaíochtaí soithigh nó gníomhaíochtaí a bhaineann le soitheach, a shuíomh agus a chuid gluaiseachtaí, a ghníomhaíocht iascaireachta nó a ghníomhaíocht a bhaineann leis an iascaireacht, arna mbailiú trí mhaoirseacht, trí iniúchtaí nó ag breathnóirí;

— sonraí a bhaineann le húinéir(í) an tsoithigh nó lena (n-)ionadaí, amhail ainm, náisiúntacht, sonraí teagmhála gairmiúla agus cuntas bainc gairmiúil,

— sonraí a bhaineann leis an ngníomhaire áitiúil, amhail ainm, náisiúntacht agus sonraí teagmhála gairmiúla,

— sonraí a bhaineann leis na captaein agus le baill den chriú, amhail ainm, náisiúntacht, feidhm agus, i gcás an chaptaein, a shonraí teagmhála,

— sonraí a bhaineann leis na hiascairí a thugtar ar bord, amhail ainm, sonraí teagmhála, oiliúint, deimhniú sláinte.

1.3 Údaráis atá freagrach

Is é an t-údarás atá freagrach as sonraí a phróiseáil, i gcás an Aontais, an Coimisiún Eorpach agus údarás an Bhallstáit brataí agus, i gcás São Tomé agus Príncipe, Gníomhaireacht Náisiúnta São Tomé agus Príncipe um Chosaint Sonraí Pearsanta (ANPDP).

2. Coimircí i ndáil le cosaint sonraí pearsanta

2.1 Teorannú an chuspóra agus íoslaghdú na sonraí

Na sonraí pearsanta a iarrtar agus a aistrítear faoin bPrótacal seo, beidh siad leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun an Prótacal a chur chun feidhme, i.e. chun údaruithe iascaireachta a phróiseáil agus chun maoirseacht agus faireachas a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a dhéanann soithí de chuid an Aontais. Ní dhéanfaidh na Páirtithe sonraí pearsanta a mhalartú faoin bPrótacal seo ach amháin chun na gcríoch sonrach a leagtar amach sa Phrótacal.

Ní dhéanfar na sonraí a fhaightear a phróiseáil chun críoch seachas iad siúd sa mhír seo, nó seachas sin déanfar iad a anaithnidiú.

Arna iarraidh sin, cuirfidh an t-údarás is faighteoir an t-údarás aistrithe ar an eolas láithreach faoi úsáid na sonraí arna seoladh.

2.2 Beachtas

Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh na sonraí pearsanta a aistrítear faoin bPrótacal seo cruinn, cothrom le dáta agus, i gcás inarb infheidhme, go ndéanfar iad a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta de réir na faisnéise atá ag an údarás aistrithe. Má thugann ceann de na Páirtithe faoi deara go bhfuil na sonraí pearsanta a aistrítear nó a fhaightear míchruinn, cuirfidh sé an Páirtí eile ar aon eolas faoi sin láithreach agus déanfaidh sé iad a cheartú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá.

2.3 Stóráil a theorannú

Ní choimeádfar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun na críche ar chuici a malartaíodh iad, coimeádfar iad ar feadh bliana tar éis dhul in éag an Phrótacail seo ar a mhéad, mura rud é go bhfuil na sonraí pearsanta riachtanach chun obair leantach a dhéanamh maidir le sárú, iniúchadh nó imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin. Sa chás sin, féadfar na sonraí a choimeád chomh fada agus is gá chun an obair leantach a dhéanamh maidir leis an sárú nó maidir leis an iniúchadh nó go dtí go gcuirfear clabhsúr críochnaitheach ar na himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

Má dhéantar na sonraí pearsanta a choimeád ar feadh tréimhse níos faide, déanfar iad a anaithnidiú.

2.4 Slándáil agus rúndacht

Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach lena n-áiritheofar a slándáil iomchuí, agus rioscaí sonracha a bhaineann leis an bpróiseáil á gcur san áireamh, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scriosadh nó damáiste de thaisme. Tabharfaidh na húdaráis atá i gceannas ar an bpróiseáil aghaidh ar aon sárú i ndáil le sonraí agus déanfaidh siad gach beart is gá chun aon éifeacht dhiúltach fhéideartha a bhaineann le sárú i ndáil le sonraí pearsanta a leigheas agus chun na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith aige a mhaolú. Tabharfaidh an t-údarás is faighteoir fógra faoin sárú sin don údarás aistrithe a luaithe is féidir agus cuirfidh siad an comhar tráthúil is gá ar fáil dá chéile ionas gur féidir le gach ceann de na húdaráis sin a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh, ar oibleagáidí iad a eascraíonn as sárú i ndáil le sonraí pearsanta faoina gcreat dlíthiúil náisiúnta.

Gabhann na Páirtithe orthu féin bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an phróiseáil forálacha an Phrótacail seo.

2.5 Ceartú nó léirscriosadh

Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfaidh an t-údarás aistrithe agus an t-údarás is faighteoir gach beart réasúnta chun a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh láithreach, de réir mar is infheidhme, i gcás nach gcomhlíonann an phróiseáil forálacha an Phrótacail seo, go háirithe toisc nach bhfuil na sonraí sin leordhóthanach, ábhartha, nó cruinn nó toisc go bhfuil siad iomarcach i ndáil le cuspóir na próiseála.

Ní mór do na Páirtithe fógra a thabhairt dá chéile faoi aon cheartú nó léirscriosadh.

2.6 Trédhearcacht

Áiritheoidh na Páirtithe go gcuirfear na hábhair sonraí ar an eolas, trí bhíthin fógra aonair chomh maith leis an bPrótacal seo a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin, faoi na catagóirí sonraí a aistreofar agus a phróiseálfar a thuilleadh, an bealach a ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil, an uirlis ábhartha arna húsáid le haghaidh an aistrithe, cuspóir na próiseála, tríú páirtithe nó catagóirí tríú páirtithe a bhféadfar an fhaisnéis a aistriú chucu a thuilleadh, na cearta aonair agus na sásraí atá ar fáil chun a gcearta a fheidhmiú agus sásamh a fháil, chomh maith leis na sonraí teagmhála chun díospóid nó gearán a thionscnamh.

2.7 Aistriú ar aghaidh

Ní aistreoidh an t-údarás is faighteoir sonraí pearsanta arna bhfáil faoin bPrótacal seo chuig tríú páirtí atá bunaithe i dtír seachas na Ballstáit brataí, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

– i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin, is é sin cuspóir tábhachtach ar mhaithe le leas an phobail, a aithnítear freisin sa chreat dlíthiúil is infheidhme maidir leis an údarás aistrithe, agus

– má chomhlíontar ceanglais eile na Foscríbhinne seo (go háirithe a mhéid a bhaineann le teorannú de réir cuspóra agus íoslaghdú na sonraí); agus

– i gcás ina dtairbhíonn an tír ina bhfuil an tríú páirtí lonnaithe nó an tír ina bhfuil an eagraíocht idirnáisiúnta lonnaithe de chinneadh leordhóthanachta arna ghlacadh ag an gCoimisiún Eorpach de bhun Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] (cinneadh leordhóthanachta) lena gcumhdaítear an t-aistriú ar aghaidh; nó

– i gcásanna sonracha, i gcás inar gá aistriú den sórt sin chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás aistrithe a oibleagáidí i leith eagraíochtaí réigiúnacha iascaigh nó eagraíochtaí réigiúnacha iascaigh; nó

– i gcásanna eisceachtúla agus i gcás ina meastar gur gá sin, geallann an tríú páirtí nach bpróiseálfaidh sé na sonraí ach amháin le haghaidh an chuspóra shonraigh/na gcuspóirí sonracha ar chucu a aistríodh a thuilleadh iad agus go léirscriosfaidh sé iad láithreach bonn a luaithe nach mbeidh gá a thuilleadh leis an bpróiseáil chun na críche sin.

3. Cearta na n-ábhar sonraí

3.1 Rochtain ar shonraí pearsanta

Arna iarraidh sin d’ábhar sonraí, ní mór don údarás is faighteoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú don ábhar sonraí an bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leis á bpróiseáil nó nach bhfuil;

– faisnéis a sholáthar faoi chuspóir na próiseála, na catagóirí sonraí pearsanta, an tréimhse coinneála sonraí (más féidir), an ceart chun ceartúchán/scriosadh a iarraidh, an ceart chun gearán a dhéanamh, etc.;

– cóip de na sonraí pearsanta a sholáthar;

– faisnéis ghinearálta a sholáthar faoi na coimircí is infheidhme.

3.2 Sonraí pearsanta a cheartú

Arna iarraidh sin d’ábhar sonraí, ceartóidh an t-údarás is faighteoir a shonraí pearsanta atá neamhiomlán, míchruinn nó imithe i léig.

3.3 Sonraí pearsanta a scriosadh

Arna iarraidh sin d’ábhar sonraí, ní mór don údarás is faighteoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

– sonraí pearsanta a bhaineann leis a scriosadh, ar sonraí iad a próiseáladh ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir leis na coimircí a leagtar amach sa Phrótacal seo;

– sonraí pearsanta a bhaineann leis a scriosadh, ar sonraí iad nach bhfuil gá leo a thuilleadh chun na gcríoch ar chucu a próiseáladh iad go dleathach.

---

5 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO AE L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

– scor de phróiseáil na sonraí pearsanta má dhéanann an t-ábhar sonraí agóid ina haghaidh ar chúiseanna a bhaineann lena chás féin, murab ann do chúiseanna dlisteanacha tathantacha maidir leis an bpróiseáil a bhfuil sáraíocht aige ar leasanna, cearta agus saoirsí an ábhair sonraí.

3.4 Nósanna imeachta

Tabharfaidh an t-údarás is faighteoir freagra, laistigh de thréimhse réasúnta agus in am trátha, agus i ngach cás, laistigh de mhí amháin tar éis an iarratais, ar iarratas ó ábhar sonraí a bhaineann le rochtain ar a shonraí pearsanta, iad a cheartú agus a léirscriosadh. Féadfaidh an t-údarás is faighteoir bearta iomchuí a dhéanamh, amhail táillí réasúnta a thobhach chun costais riaracháin a chumhdach nó diúltú d'iarratas ar follasach go bhfuil sé gan bhunús nó iomarcach.

I gcás freagra diúltach ar iarratas ón ábhar sonraí, ní mór don údarás is faighteoir é a chur ar an eolas faoi na cúiseanna leis an diúltú sin.

3.5 Teorannú

Féadfar na cearta dá bhforáiltear i bPointe 3 a theorannú má dhéantar foráil maidir le teorannú den sórt sin sa dlí agus má tá sé riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

Féadfar na cearta sin a theorannú freisin chun feidhm mhaoirseachta, chigireachta nó rialála a choimirciú, ar feidhm í a bhaineann, fiú go hócáideach, le feidhmiú údaráis oifigiúil.

Faoi na coinníollacha céanna, féadfar iad a theorannú freisin chun an t-ábhar sonraí a chosaint nó ar mhaithe le cearta agus saoirsí daoine eile.

4. Leigheas agus maoirseacht neamhspleách

4.1 Maoirseacht neamhspleách

Déanfaidh comhlacht seachtrach nó inmheánach a dhéanann maoirseacht neamhspleách agus ag a bhfuil cumhachtaí imscrúdaitheacha agus leighis maoirseacht neamhspleách ar chomhlíontacht na próiseála sonraí pearsanta leis an bPrótacal seo.

4.2 Údaráis mhaoirseachta

I gcás an Aontais, is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) a dhéanfaidh an mhaoirseacht sin, i gcás ina dtagann an phróiseáil faoi inniúlacht an Choimisiúin nó gurb iad údaráis mhaoirseachta náisiúnta Bhallstáit an Aontais um chosaint sonraí a dhéanfaidh é má thagann an phróiseáil faoi inniúlacht an Bhallstáit bratai.

I gcás São Tomé agus Príncipe, is í an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Chosaint Sonraí Pearsanta (ANPDP) atá inniúil.

De réir mar a bheidh, déanfaidh an Coimisiún Eorpach nó na húdaráis dá dtagraítear sa dara fomhír gearáin ó ábhair sonraí a bhaineann le próiseáil a sonraí pearsanta faoi chuimsiú an Phrótacail seo a phróiseáil agus a réiteach ar bhealach éifeachtúil tráthúil.

4.3 An ceart chun leighis

Áiritheoidh gach Páirtí, ina dhlíchóras, go bhféadfaidh ábhar sonraí a mheasann nár chomhlíon údarás na coimircí a leagtar amach in Airteagal 15 agus san Fhoscríbhinn seo, nó a mheasann gur ndearnadh sárú i dtaobh a shonraí pearsanta, cúiteamh a lorg ón údarás sin a mhéid a cheadaítear leis na forálacha dlí is infheidhme os comhair cúirte nó comhlacht coibhéiseach.

Go sonrach, féadfar aon ghearán in aghaidh ceachtar den dá údarás a chur faoi bhráid MECS, i gcás an Choimisiúin Eorpaigh, agus faoi bhráid [údarás an tríú tír], i gcás São Tomé agus Príncipe. Ina theannta sin, féadfar gearáin áirithe ina aghaidh ceachtar den dá údarás a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais, i gcás an Choimisiúin Eorpaigh, agus os comhair chúirteanna São Tomé agus Príncipe, i gcás São Tomé agus Príncipe.

I gcás ina gcuirfidh ábhar sonraí díospóid nó gearán isteach i ndáil le próiseáil a shonraí pearsanta in aghaidh an údaráis aistrithe, in aghaidh an údaráis is faighteoir nó in aghaidh an dá údarás araon, cuirfidh na húdaráis a chéile ar an eolas faoi na díospóidí nó na gearáin sin agus déanfaidh siad gach iarracht an díospóid nó an gearán a réiteach go cairdiúil a luaithe is féidir.

4.4 Malartú faisnéise

Coinneoidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi aon ghearán a gheobhaidh siad maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin bPrótacal seo agus maidir lena réiteach.

5. Athbhreithniú

Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi athruithe ar a reachtaíocht a dhéanann difear do phróiseáil sonraí pearsanta. Déanfaidh gach Páirtí athbhreithnithe tréimhsiúla ar a bheartais agus a nósanna imeachta féin lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 15 agus an Fhoscríbhinn seo agus ar a n-éifeachtacht, agus arna iarraidh réasúnta sin do Pháirtí amháin, déanfaidh an Páirtí eile athbhreithniú ar a bheartais agus nósanna imeachta maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun a fhíorú agus a dheimhniú go bhfuil na coimircí dá bhforáiltear in Airteagal 15 agus san Fhoscríbhinn seo á gcur chun feidhme go héifeachtach. Cuirfear torthaí an athbhreithnithe in iúl don Pháirtí iarrthach.

Más gá, tiocfaidh siad ar chomhaontú sa Chomhchoiste maidir leis na hathruithe is gá a dhéanamh ar an bhFoscríbhinn seo.

6. An t-aistriú a chur ar fionraí

Féadfaidh an Páirtí aistrithe aistriú sonraí pearsanta a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh i gcás nach n-éiríonn leis na Páirtithe díospóidí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a réiteach go cairdiúil i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn seo go dtí go measfaidh sé go bhfuil an t-ábhar réitithe go sásúil ag an bPáirtí is faighteoir. Leanfar de shonraí a aistríodh cheana a phróiseáil i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn seo.

Foscríbhinn 7 Aisghabháil cistí a íocadh go mícheart

Is é seo a leanas an nós imeachta chun méideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil:

Tabharfaidh an Coimisiún Eorpach fógra foirmiúil do São Tomé agus Príncipe faoin rún atá aige cuid den íocaíocht tacaíochta earnála gan údar a aisghabháil, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

an méid beacht agus an fhianaise gur bunaíodh na forais leis an aisghabháil dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 11 a shonrú, agus

cuireadh a thabhairt do São Tomé agus Príncipe aon bharúil a chur isteach laistigh de 45 lá ó dháta faighte an fhógra.

Má chinneann an Coimisiún Eorpach leanúint den nós imeachta aisghabhála, tabharfaidh sé fógra foirmiúil do São Tomé agus Príncipe faoina chinneadh leanúint den nós imeachta aisghabhála agus eiseoidh sé nóta dochair oifigiúil a mbeidh íocaíocht dlite ina leith laistigh de thríocha (30) lá.

I gcásanna eisceachtúla agus cuí-réasúnaithe amháin, nó i gcás earráide, féadfaidh an Coimisiún Eorpach an méid, an teorainn ama le haghaidh íocaíochta, nó an aisghabháil a tharscaoileadh, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus na comhréireachta.

**IARSCRÍBHINN II**

**An nós imeachta maidir le formheas a dhéanamh ar na modhnuithe ar an bPrótacal atá le glacadh ag an gComhchoiste**

1. I gcás ina n-iarrfar ar an gComhchoiste modhnuithe ar an bPrótacal a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16, mír 2, den Phrótacal, údarófar don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh le Rialtas Phoblacht São Tomé e Príncipe agus, i gcás inarb iomchuí agus faoi réir chomhlíonadh phointe 3, na modhnuithe atá beartaithe ar an bPrótacal a fhormheas, thar ceann an Aontais, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na deiseanna iascaireachta de bhun Airteagal 5, mír 2, Airteagal 9, mír 1 agus Airteagal 10, mír 2 den Phrótacal a athbhreithniú, agus dá bhrí sin an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 2, pointe (a) den Phrótacal a athbhreithniú;

(b) comhaontuithe tacaíochta earnála dá bhforáiltear in Airteagal 7 den Phrótacal;

(c) na coinníollacha agus na socruithe teicniúla faoina ndéanann soithí an Aontais a gcuid gníomhaíochtaí iascaireachta;

(d) na coimircí breise dá bhforáiltear in Airteagal 15, mír 4 den Phrótacal, arb é is aidhm dóibh sonraí pearsanta a chosaint;

2. Maidir leis an bhformheas a dhéanfar thar ceann an Aontais, áiritheoidh an Coimisiún:

(a) go mbeidh sé i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh;

(b) go mbeidh sé comhsheasmhach leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus go gcuirfear san áireamh ann an comhbhainistiú a dhéanann Stáit chósta;

(c) go gcuirfear san áireamh ann an fhaisnéis staidrimh, an fhaisnéis bhitheolaíoch agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí arna tarchur chuig an gCoimisiún.

3. Chuige sin agus bunaithe ar an bhfaisnéis a luaitear i mír 2(c), déanfaidh an Coimisiún doiciméad a tharchur ina leagfar amach sonraíochtaí sheasamh molta an Aontais, in am trátha roimh chruinniú ábhartha an Chomhchoiste, chuig an gComhairle nó a comhlachtaí ullmhúcháin lena bhreithniú agus a fhormheas.

4. Measfar an seasamh ón Aontas atá beartaithe a bheith formheasta, ach amháin má dhéanann líon áirithe Ballstát, líon is comhionann le mionlach blocála sa Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 16, mír 4 CAE, agóid le linn chruinniú chomhlacht ullmhúcháin na Comhairle nó laistigh de 20 lá ón doiciméad ullmhúcháin a fháil, cibé acu is túisce. I gcás na hagóide sin, cuirfear an cheist faoi bhráid na Comhairle.

5. Más rud é, le linn cruinnithe den Chomhchoiste a thionólfar ina dhiaidh sin, nach féidir teacht ar chomhaontú, lena n-áirítear comhaontú ar an láthair, cuirfear an cheist ar ais chuig an gComhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí 2 go 4, chun go gcuirfear tosca nua san áireamh i seasamh an Aontais.

6. Iarrtar ar an gCoimisiún aon bheart is gá a dhéanamh, in am trátha, chun obair leantach a dhéanamh ar chinneadh an Chomhchoiste, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh ábhartha a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus aon togra is gá a chur in iúl chun an Cinneadh sin a chur chun feidhme.

7. A mhéid a bhaineann le ceisteanna eile nach mbaineann le modhnuithe ar an bPrótacal i gcomhréir le hAirteagal 16, mír 2, den Phrótacal, déanfar an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais oibre sheanbhunaithe.